# COIMISIÚN VON DER LEYEN 101

European Commission

Ó thús an téarma oifige seo, tá Coimisiún von der Leyen ag obair ar a ghealltanas a chomhlíonadh chun an tAontas Eorpach a dhéanamh níos glaise, níos digití agus níos cothroime agus chun déileáil le himeachtaí stairiúla a raibh tionchar acu ar shaol go leor Eorpach – paindéim an choróinvíris agus cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Leis an gcluiche seo, is féidir leat breathnú siar ar a raibh ar siúl ag an gCoimisiún le trí bliana anuas agus do chuid eolais a thástáil ar na príomhthionscnaimh a chuir an Coimisiún ar aghaidh chun a ghealltanais a chomhlíonadh ó thús an téarma oifige agus chun dul i ngleic leis na dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe.

## Conas an cluiche a imirt

Tá trí cheist ag gabháil le gach imeacht, ar ceisteanna iad a bhaineann leis an ábhar. Nuair a thuirlingíonn an t-imreoir ar an gcearnóg, léann an comhimreoir/na comhimreoirí ceann de na ceisteanna ábhartha ón leabhrán seo. Má thugann an t-imreoir an freagra ceart, is féidir leis an dísle a chaitheamh arís agus iarracht a dhéanamh freagra a thabhairt ar cheist eile. Má thugann an t-imreoir an freagra mícheart, is leis an gcéad imreoir eile an imirt. Tá cead ag gach imreoir an dísle a chaitheamh ar a mhéad trí huaire i ndiaidh a chéile. Má thugann an t-imreoir trí fhreagra chearta as a cheile nuair a bhíonn a sheal féin ann, is chuig an gcéad imreoir eile a théann an imirt ansin, ach faigheann an t-imreoir ‘fear na gcrúb’ agus, leis sin, bíonn seans sa bhreis aige an dísle a chaitheamh an chéad uair eile a thugann sé freagra mícheart. Is é an buaiteoir an chéad imreoir a shroicheann an líne chríche.

Tabhair faoi deara: tá an t-eolas sa leabhrán seo bunaithe ar an stádas faoi mar a bhí an 16 Lúnasa 2022

01.12.2019

# Chuaigh Coimisiún von der Leyen i mbun oifige

## C.1

Cé mhéad bean a bhí i gceannas mar Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach?

- **Aon bhean amháin!** I mí na Nollag 2019, tháinig Ursula von der Leyen i gcomharbas ar Jean-Claude Juncker mar uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach, agus í ar an gcéad bhean chun feidhmiú sa ról sin.

## C.2

Cathain a thogh Parlaimint na hEorpa Ursula von der Leyen mar Uachtarán ar an gCoimisiún

A. I mí na Bealtaine 2019
**B. I mí Iúil 2019**
C. I mí Mheán Fómhair 2019

## C.3

An féidir leat ceann de na sé thosaíocht pholaitiúla de chuid Choimisiún von der Leyen a ainmniú?

- **Comhaontú Glas don Eoraip;**
- **Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach;**
- **Geilleagar a fhóireann do dhaoine;**
- **Eoraip níos láidre sa domhan;**
- **Ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn;**
- **Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa.**

11.12.2019

# Seoladh an Comhaontú Glas don Eoraip

## C.1

Cad í an phríomhsprioc is mian leis an gCoimisiún Eorpach a bhaint amach leis an gComhaontú Glas don Eoraip?

**A. An chéad mhór-roinn aeráidneodrach a dhéanamh den Eoraip faoi 2050**
B. An mhór-roinn is glaise a dhéanamh den Eoraip faoi 2050
C. An chéad táirgeoir táirgí glasa a dhéanamh den Eoraip faoi 2050.

## C.2

Cén céatadán d'infheistíochtaí ó NextGenerationEU agus ó bhuiséad seacht mbliana an Aontais a mhaoineoidh an Comhaontú Glas?

**A. Aon trian**
B. Dhá thrian
C. Trí thrian

## C.3

Cén laghdú is mian leis an gCoimisiún Eorpach a chur ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 1990)?

A. Laghdú 15% ar a laghad
B. Laghdú 35% ar a laghad
**C. Laghdú 55% ar a laghad**

14.01.2020

# Cuireadh i láthair Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Sásra um Aistriú Cóir

## C.1

Cad a dhéanfaidh Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip?

- **Cuirfidh sé maoiniú ón Aontas ar fáil d'infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a bhfuil gá leo chun go mbeidh an Eoraip ar an gcéad bhloc aeráidneodrach ar domhan faoi 2050.**

## C.2

Is príomhuirlis é an Sásra um Aistriú Cóir lena gcinnteofar go dtarlóidh an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ar bhealach cothrom, agus nach bhfágfar aon duine ar lár. Cé mhéad maoinithe a shlógfaidh an Sásra um Aistriú Cóir?

A. €20 billiún ar a laghad
B. €60 billiún ar a laghad
**C. €100 billiún ar a laghad**

## C.3

Cé na réigiúin is mó a bhainfidh tairbhe as an Sásra um Aistriú Cóir?

- **Beidh tacaíocht ar fáil do gach Ballstát, agus í dírithe ar na réigiúin is déine ó thaobh carbóin de nó ina bhfuil an méid is mó daoine ag obair i dtionscal na mbreoslaí iontaise.**

03

31.01.2020

# D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach

## C.1

Cathain a comhaontaíodh an Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus cathain a tháinig sé i bhfeidhm?

- **Comhaontaíodh an Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 1 Deireadh Fómhair 2019, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.**

## C.2

Cé a bhí ag obair ar son an Aontais Eorpaigh agus a bhí i gceannas ar an gcaibidlíocht maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach?

- **Michel Barnier**

## C.3

Cén t-ainm atá ar an réiteach ar thángthas air i leith na hÉireann agus Thuaisceart Éireann le linn na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe?

A. An Comhaontú um Tharraingt Siar
B. An Comhaontú Trádála agus Comhair
**C. An Prótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann**

05.02.2020

# Cuireadh i láthair an mhodheolaíocht nua do chaibidlíocht aontachais an Aontais Eorpaigh

## C.1

Cad iad na ceithre bhunphrionsabal a bhaineann le modheolaíocht nua an mhéadaithe?

- **Inchreidteacht, intuarthacht, dinimiceas agus stiúradh polaitiúil níos láidre.**

## C.2

Cén chathair Eorpach as ar ainmníodh na critéir aontachais is gá do thír a chomhlíonadh chun stádas aontachais a bhaint amach?

**A. Cóbanhávan**
B. An Bhruiséil
C. Liúibleána

## C.3

Cé na comhpháirtithe de chuid an Aontais a ndéanaimid tagairt dóibh agus muid ag caint faoi na Balcáin Thiar?

- **An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia.**

19.02.2020

# Foilsíodh an clár oibre chun todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú

## C.1

An féidir leat aon cheann de na trí phríomhcholún a bhaineann le haistriú digiteach na hEorpa a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) teicneolaíocht atá in oiriúint don phobal; 2) geilleagar digiteach atá cothrom iomaíoch; 3) sochaí atá oscailte daonlathach agus inbhuanaithe.**

## C.2

Tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ina cheannaire domhanda san aistriú digiteach. An féidir leat smaoineamh ar bhealach amháin a mbainfear é sin amach?

- **Freagraí féideartha: 1) féachaint le bheith ina eiseamláir dhomhanda don gheilleagar digiteach; 2) tacaíocht a thabhairt maidir leis an aistriú digiteach do gheilleagair atá i mbéal forbartha; 3) caighdeáin dhigiteacha a fhorbairt agus iad a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.**

## C.3

An féidir leat smaoineamh ar bhealach amháin a gcuideoidh an straitéis dhigiteach chun an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas tríd an gComhaontú Glas don Eoraip?

- **Freagraí féideartha: 1) straitéis tionsclaíochta nua de chuid an Aontais a sheoladh; 2) borradh a chur faoi chumas an Aontais tubaistí comhshaoil a thuar agus a bhainistiú; 3) tacú leis an ngeilleagar ciorclach; 4) tionscnamh maidir le cur chuige ciorclach le haghaidh earraí leictreonacha a sheoladh; 5) lárionaid sonraí agus bonneagair TFC a dhéanamh aeráidneodrach faoi 2030; 6) leas a bhaint as an Intleacht Shaorga, 5G, néalríomhaireacht agus imeall-ríomhaireacht, agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla; 7) tacú le hiompar atá uathoibrithe nasctha; 8) soláthar poiblí a dhéanamh níos inbhuanaithe; 9) caighdeán maidir le luchtaire uilíoch a bhunú le haghaidh gléasanna leictreonacha.**

04.03.2020

# Glacadh an Dlí Aeráide Eorpach

## C.1

Cá fhad a thóg sé an togra maidir leis an dlí aeráide Eorpach a theacht i bhfeidhm?

- **A. Bliain agus 3 mhí (Márta 2020 – Iúil 2021)**
- B. 2 bhliain agus 2 mhí (Eanáir 2020 – Márta 2022)
- C. 2 bliana agus 6 mhí (Nollag 2019 – Bealtaine 2022)

## C.2

Ainmnigh ceann amháin de chúig chuspóir an Dlí Aeráide Eorpaigh.

- **Freagraí féideartha: 1) treo fadtéarmach maidir le cúrsaí taistil a leagan síos chun cuspóir 2050 maidir le haeráidneodracht a bhaint amach trí na beartais uile, ar bhealach atá cothrom ó thaobh na sochaí de agus costéifeachtach; 2) sprioc níos uaillmhianaí de chuid an Aontais do 2030 a leagan síos chun an Eoraip a chur ar bhealach freagrach chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050; 3) córas a chruthú chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh más gá; 4) intuarthacht a chur ar fáil d'infheisteoirí agus do ghníomhaithe eacnamaíocha eile; 5) a chinntiú gur próiseas do-aisiompaithe é an t-aistriú chuig an aeráidneodracht.**

## C.3

Cad í sprioc an Aontais do 2030 maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú (i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 1990)?

- A. 30% ar a laghad
- **B. 55% ar a laghad**
- C. 72% ar a laghad

05.03.2020

# Glacadh straitéis nua um chomhionannas inscne do 2020-2025

## C.1

Cathain a bunaíodh prionsabal an chomhionannais idir fir agus mná maidir le pá comhionann den chéad uair?

**A. I gConradh na Róimhe (1957)**
B. I gConradh Maastricht (1992)
C. I gConradh Liospóin (2007)

## C.2

An féidir leat ceann amháin de phríomhchuspóir an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe; 2) cur in aghaidh steiréitíopaí inscne; 3) na bearnaí inscne i margadh an tsaothair a líonadh; 4) rannpháirtíocht chomhionann a bhaint amach thar earnálacha éagsúla den gheilleagar; 5) aghaidh a thabhairt ar an mbearna idir fir agus mná ó thaobh pá agus pinsin de; 6) an bhearna a líonadh idir fir agus mná ó thaobh cúraim de; agus 7) cothromaíocht inscne a bhaint amach sa chinnteoireacht agus sa pholaitíocht.**

## C.3

Cad é sciar na mban i measc chomhaltaí na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach?

A. 10%
**B. 33%**
C. 49%

09.03.2020

# Glacadh straitéis chuimsitheach an Aontais don Afraic

## C.1

Sa straitéis atá beartaithe ag an Aontas leis an Afraic, cuireadh cúig phríomh-chomhpháirtíocht chun cinn idir an dá mhór-roinn. An féidir leat smaoineamh ar aon cheann acu?

- **Freagraí féideartha: 1) fás inbhuanaithe agus poist; 2) an t-aistriú glas agus rochtain ar fhuinneamh; 3) an t-aistriú digiteach; 4) an tsíocháin, an tslándáil agus an rialachas; 5) an imirce agus an tsoghluaisteacht.**

## C.2

Cé mhéid airgid atá sé d'aidhm ag an bPacáiste Infheistíochta Global Gateway idir an Afraic agus an Eoraip a shlógadh in infheistíochtaí?

A. €100 billiún
**B. €150 billiún**
C. €200 billiún

## C.3

Cathain a bunaíodh an Chomhpháirtíocht idir an Afraic agus an tAontas Eorpach go foirmiúil an chéad lá riamh?

**A. In 2000**
B. In 2005
C. In 2010

*Bunaíodh an Chomhpháirtíocht idir an Afraic agus an tAontas Eorpach go foirmiúil in 2000 ag an gcéad Chruinniú Mullaigh idir an Eagraíocht um Aontacht na hAfraice (an eagraíocht a tháinig roimh an Aontas Afracach) agus an tAontas Eorpach i gCaireo.

10.03.2020

# Glacadh straitéis thionsclaíoch nua

## C.1

Cén céatadán d'easpórtálacha earraí a thagann ó earnáil na tionsclaíochta san Aontas Eorpach?

A. 20%
B. 40%
**C. 80%**

## C.2

Cén céatadán de ghnólachtaí Eorpacha is féidir a mheas mar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)?

A. 10%
B. 50%
**C. 99%**

## C.3

Cén sciar de bhreisluach AE iomlán a ghineann tionsclaíocht na hEorpa?

**A. 20%**
B. 40%
C. 80%

Márta 2020

# Bearta i gcoinne an choróinvíris

## C.1

Tuairiscíodh an chéad chás de COVID-19 san Eoraip an 24 Eanáir 2020. Cén tír san Aontas ina raibh sé?

A. An Spáinn
B. An Iodáil
**C. An Fhrainc**

## C.2

Cathain a sheol an tAontas an chéad chomhaontú soláthair chomhpháirtigh chun frithbhearta leighis a sholáthar i dtaca le COVID-19?

**A. I mí Feabhra 2020**
B. I mí an Mhárta 2020
C. I mí Aibreáin 2020

## C.3

Cathain a thosaigh an vacsaíniú in aghaidh COVID-19 ar fud an Aontais?

**A. I mí na Nollag 2020**
B. I mí Eanáir 2021
C. I mí Feabhra 2021

04.05.2020

# Imeacht gealltanais na Freagartha Domhanda ar an gCoróinvíreas

## C.1

Chun gníomhú d'aonghuth i gcoinne phaindéim COVID-19, chuaigh an Coimisiún Eorpach i gcomhar le comhpháirtithe domhanda chun a chinntiú go gcuirfí gach vacsaín, diagnóisic agus cóireáil nua ar fáil ar fud an domhain ar phraghas inacmhainne. Cuireadh tús leis an iarracht gealltanais dhomhanda – an Fhreagairt ar an gCoróinvíreas – an 4 Bealtaine 2020. Cé mhéad maoinithe a bailíodh an lá sin?

A. €4.4 billiún
**B. €7.4 billiún**
C. €10.4 billiún

## C.2

Cad iad na príomhréimsí a bhain tairbhe as na cistí a bailíodh le linn na Freagartha Domhanda ar an gCoróinvíreas?

**A. An tástáil, an chóireáil agus an cosc**
B. An ghníomhaíocht, an leigheas agus an fhoghlaim
C. An taighde, an infheistíocht agus an cur in úsáid

## C.3

Ó thús phaindéim COVID-19, tháinig méadú go €53.7 billiún ar an bhfreagairt ó Team Europe - an tAontas, a Bhallstáit agus institiúidí airgeadais na hEorpa. Cé mhéad tír a bhain tairbhe as an tacaíocht sin?

A. 90
B. 110
C. **140**

07.05.2020

# Glacadh plean gníomhaíochta maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc

## C.1

Is coir é sciúradh airgid atá deacair a bhrath. D'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith ag a iarmhairtí ar gheilleagar an Aontais agus ar a chóras airgeadais. Dá bhrí sin, ní mór cur chuige ilghnéitheach a bheith ag an Aontas chun dul i ngleic le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéil éagsúla. An féidir leat smaoineamh ar aon cheann acu?

- **Freagraí féideartha: 1) rialacha an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtach; 2) sraith rialacha níos comhchuibhithe; 3) maoirseacht ar leibhéal an Aontais; 4) sásra tacaíochta agus comhair le haghaidh aonaid um fhaisnéis airgeadais; 5) forálacha dlí choiriúil agus malartú faisnéise a fhorfheidhmiú ar leibhéal an Aontais; 6) Eoraip níos láidre sa domhan.**

## C.2

Tá liosta de thríú tíortha ardriosca sainaitheanta ag an Aontas, tíortha a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcóras maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. An féidir leat smaoineamh ar chuspóir amháin den liosta sin?

- **Freagraí féideartha: 1) sláine chóras airgeadais agus mhargadh inmheánach an Aontais a chosaint; 2) an tslándáil inmheánach a threisiú; 3) an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.**

## C.3

Cé mhéad tríú tír a liostaítear a bhfuil baol suntasach ag baint leo do chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh? (amhail ón 13 Márta 2022)

A. 20
**B. 25**
C. 30

20.05.2020

# Glacadh straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc'

## C.1

Is é is aidhm don straitéis bhithéagsúlachta do 2030 limistéir Natura2000 atá ann cheana a mhéadú. Cé mhéad de limistéir thalún an Aontais agus cé mhéad de chríoch mhuirí an Aontais atá mar chuid de Líonra Natura2000?

A. 10% de na limistéir thalún agus níos mó ná 8% den chríoch mhuirí
**B. 18% de na limistéir thalún agus níos mó ná 8% den chríoch mhuirí**
C. 40% de na limistéir thalún agus níos mó ná 8% den chríoch mhuirí

## C.2

Leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', is mian leis an gCoimisiún borradh a chur faoi fhorbairt limistéir feirmeoireachta orgánaí an Aontais. Cén céatadán den talamh feirme iomlán a bheadh dírithe ar an bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030?

A. 15%
B. 20%
**C. 25%**

## C.3

Faoi 2030, ba cheart úsáid leasachán a laghdú faoi cén céatadán?

A. 5% ar a laghad
B. 10% ar a laghad
**C. 20% ar a laghad**

27.05.2020

# Cuireadh i láthair NextGenerationEU

## C.1

Cad é an méid iomlán atá i mbuiséad NextGenerationEU (i bpraghsanna reatha)?

A. €750 billiún
**B. €806.9 billiún**
C. €853 bhilliún

## C.2

Cén sciar de chistí NextGenerationEU atá tiomnaithe don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide?

A. 27%
**B. 37%**
C. 47%

## C.3

Cén sciar de chistí NextGenerationEU atá tiomnaithe don aistriú digiteach?

A. 15%
**B. 20%**
C. 25%

17.06.2020

# Cuireadh i láthair
# Straitéis an Aontais um Vacsaíní

## C.1

An gnáthphróiseas chun vacsaín a fhorbairt agus a údarú, tógann sé 10 mbliana. Mar gheall ar phráinn phaindéim COVID-19, laghdaíodh an próiseas sin go…?

A. 3 bliana-5 bliana
B. 1 bhliain–2 bhliain
**C. 12 mhí-18 mí**

## C.2

Cad is COVAX ann?

A. Cuideachta chógaisíochta a fhorbraíonn vacsaíní COVID-19.
**B. Saoráid arb é is aidhm di rochtain chóir chothrom ar vacsaíní COVID-19 a bhaint amach ar fud an domhain.**
C. Grúpa saineolaithe náisiúnta a dhéanann athbhreithniú ar phróiseas monaraíochta vacsaíní.

## C.3

Cén t-ainm atá ar an ngníomhaireacht Eorpach a rinne meastóireacht ar shábháilteacht vacsaíní COVID-19?

**A. An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)**
B. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)
C. An Comhaontas Domhanda um Vacsaíní agus Imdhíonadh (GAVI)

24.06.2020

# Seoladh straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach do 2020-2025

## C.1

Gné thábhachtach de phróiseas cneasaithe na n-íospartach is ea seirbhísí ceartais aisiríoch agus tugtar aghaidh orthu i straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach. Cad a chiallaíonn sé sin?

- **Cuimsíonn seirbhísí ceartais aisiríoch raon seirbhísí, e.g. idirghabháil idir an t-íospartach agus an ciontóir, comhdhálacha grúpa teaghlaigh agus ciorcail phianbhreithe. Cuireann siad timpeallacht shábháilte ar fáil d'íospartaigh chun a dtuairimí a chur in iúl.**

## C.2

Cad leis a mbaineann an uimhir seo: 116 006?

A. Líon na gcibearchoireanna a rinneadh san Aontas sa dara leath de 2021.

B. Líon na rannpháirtithe in oiliúint shonrach maidir le neamh-idirdhealú do na póilíní.

**C. Is í uimhir theileafóin na líne cabhrach tiomnaithe d'íospartaigh na coireachta ar fud na hEorpa í.**

## C.3

Ainmnigh ceann amháin de na cúig phríomhréimse de straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach.

- **Freagraí féideartha: 1) coireanna a thuairisciú agus cumarsáid a dhéanamh le híospartaigh; 2) tacaíocht agus cosaint do na híospartaigh is leochailí; 3) rochtain ar chúiteamh; 4) comhar agus comhordú i measc údaráis bhreithiúnacha agus údaráis forfheidhmithe dlí, cúram sláinte, oibrithe sóisialta agus eile; 5) cearta íospartach ar fud an domhain.**

01.07.2020

# Cuireadh i láthair an pacáiste tacaíochta le haghaidh na dífhostaíochta i measc na hóige agus an clár oibre scileanna don Eoraip

## C.1

Cad is gairmoideachas agus gairmoiliúint ann?

- **Is príomhghné den fhoghlaim ar feadh an tsaoil iad an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, lena dtugtar do dhaoine an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh gairmeacha ar leith i margadh an tsaothair. Tá thart ar leath na bhfoghlaimeoirí meánscoile uachtaraí san Aontas páirteach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus cuireann an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ar chumas dhá thrian d'fhostaithe an Aontais uas-sciliú nó athsciliú a dhéanamh. Cabhraíonn siad le daoine óga ullmhú dá gcéad phost, agus cuireann siad ar chumas daoine fásta scileanna nua a fhoghlaim agus a ngairmeacha beatha a fhorbairt.**

## C.2

Cé mhéad duine óg a fuair rochtain ar an margadh saothair a bhuí leis an Ráthaíocht don Aos Óg?

**A. Breis agus 24 mhilliún duine óg**
B. Breis agus 20 milliún duine óg
C. Breis agus 16 mhilliún duine óg

## C.3

De réir Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a seoladh i mí an Mhárta 2021, cén sciar de na daoine fásta ar fad ba cheart a bheith páirteach san oiliúint gach bliain faoi 2030?

**A. 60% ar a laghad**
B. 45% ar a laghad
C. 55% ar a laghad

08.07.2020

# Cuireadh i láthair an straitéis hidrigine agus straitéis an Aontais maidir le comhtháthú córas fuinnimh

## C.1

Cad é sciar na hidrigine i dtomhaltas fuinnimh na hEorpa faoi láthair?

A. 10%
B. 5%
**C. Níos lú ná 2%**

## C.2

Ceann de phríomhchuspóirí na Comhghuaillíochta Eorpaí don Hidrigin Ghlan is ea infheistíochtaí i hidrigin ghlan a éascú. Chuige sin, d'ullmhaigh an chomhghuaillíocht píblíne de thionscadail infheistíochta inmharthana. Cé mhéad tionscadal atá san áireamh ann?

A. 60
**B. 750**
C. 900

## C.3

Cé mhéad hidrigine in-athnuaite a tháirgfí san Aontas faoi 2030?

A. 5 mhilliún tona
**B. 10 milliún tona**
C. 2 mhilliún tona

21.07.2020

# Tháinig ceannairí an Aontais ar chomhaontú maidir leis an bplean téarnaimh agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil do 2021-2027

## C.1

Cad é méid iomlán bhuiséad fadtéarmach an Aontais do 2021-2027 (i bpraghsanna reatha)?

**A. €1.211 trilliún**
B. €0.5 trilliún
C. €3 thrilliún

## C.2

Cad **nach bhfuil** i gceist le NextGenerationEU?

**A. Clár de chuid an Aontais don chéad ghlúin eile maidir le táirgí digiteacha**
B. Ionstraim théarnaimh shealadach chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha phaindéim an choróinvíris
C. Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun iasachtaí agus deontais a chur ar fáil do na Ballstáit

## C.3

I gcomhthéacs bhuiséad fadtéarmach an Aontais agus an Phlean Téarnaimh, cad atá i gceist le 'sásra coinníollachta'?

A. Na coinníollacha faoinar féidir le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad iarratas a dhéanamh ar na hiasachtaí.
**B. Na coinníollacha chun buiséad an Aontais a chosaint nuair a dhéantar sárú ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát.**
C. Na coinníollacha atá ann do FBManna maidir le hinfheistíocht a dhéanamh leis an airgead i dtáirgeadh táirgí inbhuanaithe.

27.08.2020

# Síníodh an chéad chonradh le cuideachta chógaisíochta chun vacsaíní COVID-19 a cheannach

## C.1

Cé mhéad dáileog de vacsaíní COVID-19 a fuair an Coimisiún Eorpach faoi lár 2022?

**A. Suas le 4.2 billiún dáileog**
B. Suas le 3 bhilliún dáileog
C. Suas le 1.5 billiún dáileog

## C.2

Cé mhéad cuideachta a bhfuil conradh sínithe ag an gCoimisiún Eorpach leo chun vacsaíní COVID-19 a fháil?

A. Le 5 chuideachta
**B. Le 8 gcuideachta**
C. Le 11 chuideachta

## C.3

Cé mhéad vacsaín a formheasadh san Aontas go dtí seo? An féidir leat a rá cad iad na cuideachtaí?

- **Tá sé vacsaín formheasta san Aontas. Seo a leanas táirgeoirí na vacsaíní: BioNTech agus Pfizer, Moderna, AstraZeneca, Janssen Pharmaceutica NV, Novavax agus Valneva.**

18.09.2020

# Cuireadh i láthair an chéad phlean gníomhaíochta riamh de chuid an Aontais maidir le frithchiníochas

## C.1

Cathain a ceapadh an chéad chomhordaitheoir frithchiníochais riamh de chuid an Aontais?

A. In 2020
**B. In 2021**
C. In 2022

## C.2

An féidir leat smaoineamh ar sprioc amháin atá sé mar aidhm ag an Aontas a bhaint amach lena phlean gníomhaíochta frithchiníochais?

- **Freagraí féideartha: 1) cur chun feidhme dhlí an Aontais a fheabhsú chun cosaint ar an idirdhealú a chinntiú; 2) oiliúint a chur ar údaráis forghníomhaithe dlí (e.g. póilíní náisiúnta) chun próifíliú ciníoch nó eitneach a chosc ar mhaithe le póilíneacht agus cosaint chothrom a chinntiú; 3) cur chun feidhme a atreisiú maidir le pleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát arb é is aidhm dóibh an ciníochas a chosc agus a chomhrac; 4) an fhuathchaint ar líne a chomhrac; 5) éagsúlacht i measc bhaill foirne an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, agus aon idirdhealú féideartha sa phróiseas earcaíochta a chosc; 6) an chomhpháirtíocht le gníomhaithe na sochaí sibhialta a neartú.**

## C.3

Cad é mana an Aontais Eorpaigh, a chuireann in iúl tionchar dearfach na gcultúr éagsúil, na dtraidisiún éagsúil agus na dteangacha éagsúla, agus a léiríonn smaointe phlean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais?

- **‘Aontaithe san éagsúlacht’**

23.09.2020

# Cuireadh i láthair comhaontú nua maidir le himirce agus tearmann

## C.1

Cé mhéad duine a tháinig ar imirce go dtí an tAontas Eorpach in 2020?

A. 3.1 milliún duine
**B. 1.92 milliún duine**
C. 530,000 duine

## C.2

Cé mhéad tír as ar tháinig iarrthóirí tearmainn go dtí an tAontas Eorpach in 2021?

**A. As thart ar 140 tír**
B. As thart ar 80 tír
C. As thart ar 60 tír

## C.3

Cé na trí thír san Aontas a chláraigh an méid is mó iarrthóirí tearmainn céaduaire, in aghaidh an duine, in 2021?

A. An Spáinn, an Iodáil agus an Ghréig
**B. An Chipir, an Ostair agus an tSlóivéin**
C. An Pholainn, an Ungáir agus Poblacht na Seice

24.09.2020

# Glacadh pacáiste airgeadais dhigitigh

## C.1

Ceann d'uaillmhianta móra an Aontais is ea an t-aistriú digiteach a bhfuil sé d'aidhm aige gníomhaí digiteach domhanda a dhéanamh den Eoraip. Is ar mhaithe leis an sprioc sin a bhaint amach a cruthaíodh Straitéis Airgeadais Dhigitigh. Ainmnigh réimse amháin a bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas feabhas a chur air leis an Straitéis sin.

- **Freagraí féideartha: 1) seirbhísí airgeadais trasteorann, táirgí airgeadais do thomhaltóirí; 2) nuálaíocht shonraíbhunaithe; 3) bainistíocht sonraí, e.g. cosaint sonraí agus maoirseacht; 4) maoiniú do FBManna; 5) iomaíocht i measc soláthraithe seirbhísí airgeadais.**

## C.2

Cad iad criptea-shócmhainní?

- **Is léiriú digiteach ar luachanna nó ar chearta iad criptea-shócmhainní, ar féidir iad a aistriú agus a stóráil go leictreonach, trí theicneolaíocht shonrach bhlocshlabhra a úsáid. Is féidir iad a úsáid mar bhoinn nó licíní digiteacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais nó mar mhodh íocaíochta.**

## C.3

Mar chuid den phacáiste airgeadais dhigitigh, mhol an Coimisiún Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA). Cad atá i gceist le DORA?

A. Baineann sé le nuálaíocht fhreagrach agus iomaíocht fhreagrach a spreagadh i measc soláthraithe seirbhísí airgeadais

B. Baineann sé lena dhéanamh níos éasca do thomhaltóirí íoc i siopaí agus idirbhearta ríomhthráchtála a dhéanamh go sábháilte agus go caoithiúil

**C. Baineann sé lena chinntiú go mbeidh na coimircí is gá i bhfeidhm ag na rannpháirtithe uile sa chóras airgeadais chun cibirionsaithe agus rioscaí eile a mhaolú.**

06.10.2020

# Glacadh plean eacnamaíoch agus infheistíochta do na Balcáin Thiar

## C.1

Cé mhéad maoinithe a mheastar a shlógfar leis an bPlean Infheistíochta do na Balcáin Thiar?

**A. Suas le €29 mbilliún**
B. Suas le €16 bhilliún
C. Suas le €13 bhilliún

## C.2

An féidir leat réimse amháin a ainmniú ina maoineofar tionscadail a bhuí leis an bplean infheistíochta do na Balcáin Thiar?

- **Freagraí féideartha: 1) iompar inbhuanaithe; 2) fuinneamh glan; 3) an comhshaol agus an aeráid; 4) an réimse digiteach; 5) an earnáil phríobháideach; 6) caipiteal daonna.**

## C.3

Tá an tAontas Eorpach ag tacú le hathchóirithe a chur chun feidhme sna Balcáin Thiar trí hacmhainní airgeadais agus teicniúla. Cén t-ainm atá ar cheann amháin de na príomhchláir trína gcuireann an tAontas an cúnamh seo ar fáil inniu?

**A. An Ionstraim um chúnamh réamhaontachais (IPA)**
B. Cúnamh réamhaontachais an Aontais don fhorbairt tuaithe (IPARD)
C. Cúnamh Comhphobail um Athfhoirgníocht, Forbairt agus Cobhsú (CARDS)

07.10.2020

# Glacadh plean 10 mbliana chun tacú leis na Romaigh san Aontas Eorpach

## C.1

Cé mhéad Romach a chónaíonn san Aontas?

A. Thart ar 3.5 milliún
B. Thart ar 8 milliún
**C. Thart ar 6 mhilliún**

## C.2

Cé mhéad Romach a d'fhulaing idirdhealú le 5 bliana anuas?

A. 31%
**B. 41%**
C. 51%

## C.3

Tá seacht bpríomhréimse gníomhaíochta sa phlean 10 mbliana chun tacú leis na Romaigh san Aontas. An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Seo iad: comhionannas, ionchuimsiú, rannpháirtíocht, oideachas, fostaíocht, sláinte agus tithíocht.**

14.10.2020

# Glacadh straitéis nua ceimiceán

## C.1

Is cuid riachtanach dár saol laethúil iad ceimiceáin, ach is féidir le ceimiceáin áirithe dochar mór a dhéanamh dár sláinte nó don chomhshaol. Sin é an fáth ar ghlac an Coimisiún Eorpach straitéis nua ceimiceán. Tá grúpaí sonracha ceimiceán ann a chumhdaítear lena reachtaíocht féin. An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) bithicídí; 2) lotnaidicídí; 3) cógaisíocht; 4) cosmaidí; 5) suaiteoirí inchríneacha, etc.**

## C.2

Cad iad cuspóirí na straitéise ceimiceán?

- **Freagraí féideartha: 1) sláinte daoine agus an comhshaol a chosaint; 2) ceimiceáin shábháilte inbhuanaithe a chruthú; 3) timpeallacht a chruthú atá saor ó thocsain.**

## C.3

An féidir leat sampla a thabhairt de tháirge laethúil inar féidir ceimiceáin a aimsiú?

- **Freagraí féideartha: 1) bréagáin agus táirgí eile do leanaí; 2) bia; 3) cosmaidí; 4) troscán; 5) teicstílí.**

27.10.2020

# Tar éis sheoladh SURE i mí Aibreáin, rinneadh na chéad eisíocaíochtaí

## C.1

Cad atá i gceist le SURE?

A. Straitéis maidir leis an Dífhostaíocht, an Téarnamh agus an Geilleagar
**B. Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála**
C. Scéim um Fhostaíocht Chláraithe an Aontais

## C.2

Cén ghéarchéim as ar eascair seoladh na hionstraime SURE? Agus cad iad na príomhréimsí a bhfuil sé d'aidhm ag an ionstraim seo aghaidh a thabhairt orthu?

**1. Paindéim an choróinvíris**
**2. Poist a chosaint, daoine a choinneáil ag obair, costais scéimeanna oibre gearrthéarmacha a chlúdach**

## C.3

Cad iad na chéad trí thír a fuair an chéad eisíocaíocht SURE?

**A. An Spáinn, an Iodáil agus an Pholainn**
B. An Fhrainc, an Phortaingéil agus an tSlóivéin
C. An Ghréig, an tSlóvaic agus an Ghearmáin

11.11.2020

# Seoladh an clár oibre nua do thomhaltóirí

## C.1

Cén chaoi a ndéanfaidh an clár oibre nua tomhaltóirí a chumasú chun ról gníomhach a bheith acu san aistriú gas? An féidir leat smaoineamh ar aon sampla?

- **Freagraí féideartha: 1) a chinntiú go mbeidh táirgí inbhuanaithe ar fáil do thomhaltóirí ar mhargadh an Aontais agus go mbeidh faisnéis níos fearr ag tomhaltóirí ionas go mbeidh siad in ann rogha eolasach a dhéanamh; 2) faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le hinbhuanaitheacht táirgí; 3) tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais áirithe amhail glas-snasú nó dífheidhmeacht luath; 4) deisiú a chur chun cinn agus táirgí atá níos inbhuanaithe agus níos 'ciorclaí' a spreagadh; 5) gnólachtaí a spreagadh chun tacú le tomhaltas inbhuanaithe.**

## C.2

Déanann caiteachas tomhaltóirí cur síos ar an airgead iomlán a chaitheann daoine aonair ar earraí agus ar sheirbhísí deiridh. Cén céatadán de OTI an Aontais a thagann ó chaiteachas tomhaltóirí?

A. 45%
B. 33%
**C. 54%**

## C.3

Tá an tAontas ag cumasú tomhaltóirí chun ról gníomhach a bheith acu san aistriú glas, mar shampla maidir le táirgí níos inbhuanaithe a roghnú. Ceann de ghníomhaíochtaí an Aontais is ea tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais an ghlas-snasaithe. Cad is brí leis an téarma 'glas-snasú'?

A. Na ceimiceáin a úsáideann cuideachtaí chun teicstílí a tháirgeadh
**B. An cleachtas trína dtugann cuideachtaí tuiscint bhréige ar thionchar nó tairbhí comhshaoil a dtáirgí**
C. Cleachtas cuideachtaí chun earraí atá bunaithe ar phlaisteach a chur ar fáil saor in aisce

11.11.2020

# Glacadh na chéad chéimeanna chun Aontas Sláinte na hEorpa a fhorbairt

## C.1

Mar chuid d'Aontas Sláinte na hEorpa a thógáil, tá sé beartaithe ag an Aontas Eorpach an ullmhacht do ghéarchéimeanna agus an fhreagairt orthu a threisiú i gcás dhá phríomhghníomhaireacht de chuid an Aontais sa réimse sin. Cé na gníomhaireachtaí?

A. An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán
**B. An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú**
C. An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil

## C.2

Cuid lárnach d'Aontas Sláinte na hEorpa is ea plean na hEorpa chun an ailse a chomhrac. An féidir leat a mhíniú cad atá i gceist leis?

- **Is é is aidhm do phlean na hEorpa chun ailse a chomhrac ailse a chosc agus a chinntiú gur féidir le hothair ailse, daoine a tháinig slán ón ailse, a dteaghlaigh agus a gcúramóirí ardcháilíocht saoil a bheith acu.**

## C.3

Cén Ballstát ina bhfuil an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) lonnaithe?

A. An Bheilg
**B. An tSualainn**
C. An Pholainn

12.11.2020

# Cuireadh i láthair an chéad straitéis riamh de chuid an Aontais maidir le comhionannas LADTIA

## C.1

Tá dlús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le gníomhaíocht chun Aontas an Chomhionannais do gach duine a chur chun cinn, tríd an gcéad Straitéis Comhionannais LADTIA riamh de chuid an Aontais a ghlacadh. Is ann a leagtar amach roinnt príomhchuspóirí atá le baint amach faoi 2025 ar fud na gceithre cholún. Cad atá clúdaithe ag na colúin sin, dar leat? An féidir leat smaoineamh ar réimse ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta?

- **Freagraí féideartha: 1) an t-idirdhealú in aghaidh daoine LADTIA a chomhrac; 2) a sábháilteacht a chinntiú; 3) sochaithe a chothú ina gcuimsítear gach duine; 4) a bheith chun tosaigh maidir le comhionannas a éileamh do dhaoine LADTIA ar fud an domhain.**

## C.2

Conas a dhéanfá cur síos ar 'theaghlach bogha ceatha'?

- **Is éard is teaghlach bogha ceatha ann teaghlach ina bhfuil ball LADTIA amháin nó níos mó, nó teaghlach a bhfuil duine LADTIA ina thuismitheoir ann.**
  **Mar gheall ar dhifríochtaí sa reachtaíocht náisiúnta ar fud na mBallstát, d'fhéadfadh sé nach n-aithneofaí i gcónaí naisc theaghlaigh nuair a thrasnaíonn teaghlaigh bogha ceatha teorainneacha inmheánacha an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún tionscnamh reachtach a thabhairt ar aghaidh maidir le haitheantas frithpháirteach don tuismitheoireacht agus féachfaidh sé ar bhearta a d'fhéadfadh tacú le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do lánúineacha comhghnéis idir na Ballstáit.**

## C.3

In 2019, cén céatadán de dhaoine LADTIA a bhraith go ndearnadh idirdhealú orthu?

A. 37%

**B. 43%**

C. 52%

25.11.2020

# Cuireadh i láthair an plean gníomhaíochta inscne

## C.1

Tá pleananna uaillmhianacha curtha ar aghaidh ag an Aontas chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn trína ghníomhaíocht sheachtrach. Tá ról ríthábhachtach ag mná agus cailíní chun forbairt agus athrú a spreagadh. Ag an am céanna, déanann go leor dúshláin nua-aimseartha difear díréireach dóibh. As an daonra ar fad a easáitíodh mar gheall ar an athrú aeráide, cén céatadán ar mná iad?

A. 60%
B. 70%
**C. 80%**

## C.2

Céard atá i gceist le Dearbhú Bhéising?

- **Meastar gurb iad Dearbhú Bhéising agus an Clár Oibre Gníomhaíochta, a ghlac 189 dtír d'aon toil in 1995, an creat beartais domhanda is cuimsithí maidir le cearta na mban.**

## C.3

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hInscne 2021-2025, cén céatadán de na gníomhaíochtaí seachtracha nua uile a rannchuideoidh chun an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn in 2025?

A. 62%
B. 76%
**C. 85%**

02.12.2020

# Togra le haghaidh clár oibre trasatlantach nua maidir leis an gcomhar domhanda

## C.1

Tá ceithre réimse fócais sa chlár oibre trasatlantach nua maidir leis an gcomhar domhanda. An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) an fhreagairt sláinte; 2) an cheannaireacht ghlas; 3) an trádáil agus an teicneolaíocht; 4) an ghníomhaíocht agus an tslándáil dhomhanda.**

## C.2

In 2021, cén cineál comhairle comhair a bhunaigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe ar bhonn an chláir oibre sin?

A. An Chomhairle Cosanta agus Slándála
**B. An Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta**
C. An Chomhairle maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna

## C.3

Tá infheistíocht iomlán na Stát Aontaithe san Aontas Eorpach níos airde ná méid na hinfheistíochta san Áise ar fad. Cé mhéad uair níos airde?

A. Dhá uair
**B. Trí huaire**
C. Ceithre huaire

*Tá infheistíocht iomlán na Stát Aontaithe san Aontas Eorpach trí oiread níos airde ná méid na hinfheistíochta san Áise ar fad. Tá infheistíocht an Aontais sna Stáit Aontaithe thart ar ocht n-oiread níos airde ná méid infheistíochta an Aontais san India agus sa tSín curtha le chéile.

03.12.2020

# Cuireadh i láthair an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach

## C.1

Cad iad príomhbhearta an phlean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach?

**A. Toghcháin chóra, meáin shaora agus cur i gcoinne na bréagaisnéise**

B. Daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gceapadh beartas agus vóta a chaitheamh i dtoghcháin

C. An daonlathas a neartú ar an leibhéal áitiúil

## C.2

Cad iad na tograí atá sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach maidir le saorthoghcháin chóra a chosaint? An féidir leat smaoineamh ar aon sampla?

- **Freagraí féideartha: 1) rialacha nua maidir le trédhearcacht i bhfógraíocht pholaitiúil; 2) athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha; 3) sásra nua de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh athléimneacht toghcháin chun bagairtí ar an bpróiseas toghcháin a chomhrac; 4) meas a chur chun cinn sa díospóireacht phoiblí agus an fhuathchaint ar líne a chomhrac.**

## C.3

Is chuid den Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach í an chosaint níos fearr d'iriseoirí agus do chosantóirí chearta an duine. Cé mhéad ionsaithe fisiciúla agus dlíthiúla i gcoinne iriseoirí agus oibrithe na meán sna 24 Bhallstát de chuid an Aontais a tuairiscíodh do Mhearfhreagairt Shaoirse na Meán in 2021?

A. 147

**B. 439**

C. 651

15.12.2020

# Cuireadh i láthair an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha

## C.1

Ainmnigh cuid na rialacha nua a tugadh isteach leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

**Freagraí féideartha:**

- Bearta chun dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne, lena n-áirítear earraí agus seirbhísí neamhdhleathacha.
- Rialacha nua chun díoltóirí a rianú ar mhargaí ar líne, chun cuidiú le muinín a thógáil agus chun gurb éasca dul sa tóir ar chaimiléirí.
- Téarmaí agus coinníollacha na n-ardán a bheith soiléir, intuigthe agus trédhearcach do chách, agus a gcur i bhfeidhm a bheith neamhthreallach.
- An ceart a bheith ag úsáideoirí gearáin a dhéanamh agus sásamh a bheith acu i gcoinne cinntí measarthachta inneachair.
- Na cearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse cainte, a bheith cosanta go hiomlán ar líne.
- Ní mór do na hardáin maolú a dhéanamh ar rioscaí, cur i gcás bréagaisnéis nó cúbláil toghcháin, cibearfhoréigean in aghaidh na mban, nó díobháil do mhionaoisigh ar líne.
- Toirmisc ar fhógraíocht spriocdhírithe lena ndéantar próifíliú ar leanaí nó atá bunaithe ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta, cur i gcás bunadh eitneach, tuairimí polaitiúla nó gnéaschlaonadh — agus toirmeasc ar ‘phatrúin dhorcha’, mar a thugtar orthu, a úsáid.
- Forálacha nua chun rochtain ar shonraí a thabhairt do thaighdeoirí na bpríomhardán, chun grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn ardáin agus ar an gcaoi a n-athraíonn rioscaí ar líne.

## C.2

An gcosnaíonn Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta úsáideoirí ar líne?

A. Cosnaíonn, ach níl sé sin sonraithe ann.

**B. Cosnaíonn, le hAirteagal 8 den Chairt, déantar foráil go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.**

C. Ní chosnaíonn, ní mór an Chairt a thabhairt cothrom le dáta chun cosaint iomlán sonraí pearsanta a áireamh.

## C.3

Cad a thuigimid leis an téarma 'geatóirí'?

**A. Ardáin a bhfuil tionchar suntasach acu ar an margadh inmheánach agus a fhónann mar thairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun a n-úsáideoirí deiridh a rochtain.**

B. Ardáin a dhéanann seiceáil ar chomhlíonadh RGCS cuideachtaí eile atá gníomhach ar líne.

C. Cuideachtaí a bhfuil eolas sonrach acu i réimse faoi leith.

21.12.2020

# D'údaraigh an Coimisiún an chéad vacsaín shábháilte éifeachtach in aghaidh COVID-19

## C.1

Cén t-ainm atá ar an gcuideachta a d'fhorbair an chéad vacsaín in aghaidh COVID-19 a d'údaraigh an Coimisiún lena húsáid san Aontas?

**A. BioNTech-Pfizer**
B. Moderna
C. AstraZeneca

## C.2

Cuidíonn vacsaíniú le cosaint imdhíonachta an duine galar coiteann a d'fhéadfadh an duine a bheith nochta dó a shárú. An féidir leat smaoineamh ar ghalar ar bith a dtugann vacsaíní cosaint air?

- **Freagraí féideartha: 1) heipitítis B; 2) an papalómaivíreas daonna (HPV); 3) an fliú; 4) an bhruitíneach, an plucamas agus rubella; 5) póilió; 6) teiteanas; 7) eitinn**

## C.3

Cén céatadán de shaoránaigh fásta an Aontais a vacsaíníodh sa chéad bhliain ó cuireadh tús leis an vacsaíniú?

A. 65%
**B. 78%**
C. 89%

27.12.2020

# Rinneadh na chéad Eorpaigh a vacsaíniú in aghaidh COVID-19

Fuair tú vacsaín. Caith an dísle arís.

01.01.2021

# 2021 — Bliain Eorpach an Iarnróid

## C.1

Leag Bliain Eorpach an Iarnróid béim ar na buntáistí a bhaineann le hiompar d'iarnród mar mhodh iompair atá inbhuanaithe cliste agus sábháilte. Tá an t-iarnród ar cheann de na cineálacha iompair paisinéirí agus lasta is inbhuanaithe atá ann. Cén céatadán, a bheag nó a mhór, d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le hiompar san Aontas a ghineann an t-iarnród?

A. 10%
B. 5%
**C. Níos lú ná 0.5%**

## C.2

Mar chuid de Bhliain Eorpach an Iarnróid, rinne traein speisialta de chuid an Aontais, Connect Europe Express, turas anonn is anall ar fud na mór-roinne ón 2 Meán Fómhair go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2021. Cé mhéad tír ar stop an traein sin iontu?

A. 20 tír
**B. 26 thír**
C. 27 dtír

## C.3

Cé mhéad cineál leithid rianta a bhí i gceist leis an Connect Europe Express?

**A. Trí chineál leithid rianta éagsúla a bhí á n-oibriú ag cuideachtaí iarnróid i mBallstáit éagsúla an Aontais.**
B. Ceithre chineál leithid rianta éagsúla a bhí á n-oibriú ag cuideachtaí iarnróid i mBallstáit an Aontais agus san Eilvéis.
C. Cineál leithid rianta amháin i ngach Ballstát.

18.01.2021

# Sheol an Coimisiún céim an deartha den Bauhaus Eorpach Nua

## Q.1

Cad is brí le Bauhaus?

A. Focal Seapánach a chiallaíonn 'inbhuanaitheacht'
B. Scoil smaointeoireachta de chuid na Gréige a dhéanann cur síos ar chineál geilleagair agus sochaí atá buanseasmhach agus a d'fhéadfadh a chur i bhfeidhm ar scála domhanda
**C. Scoil ealaíne Ghearmánach a bhí ag feidhmiú ó 1919 go 1933**
*Tá an Bauhaus Eorpach Nua spreagtha ag an scoil ealaíne leis an ainm céanna a bhunaigh Walter Gropius sa Ghearmáin in 1919, agus í bunaithe ar phrionsabail thurgnamhacha an fheidhmiúlachais agus na dílseachta maidir le hábhair. Tar éis do na Naitsithe an scoil a dhúnadh in 1933, scaipeadh a cuid smaointe go forleathan trína mic léinn agus a baill foirne, lena n-áirítear Kandinsky, Klee, Feininger, Moholy Nagy, agus Mies van der Rohe.

## C.2

Cad iad na trí phríomhluach atá ag gluaiseacht Bauhaus Eorpach Nua?

**A. Inbhuanaitheacht, aeistéitic agus cuimsitheacht**
B. Inbhuanaitheacht, lánpháirtiú agus éagsúlacht
C. Meas, dul chun cinn agus ionchuimsitheacht

## C.3

Cén tosaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a bhfuil baint ag an ngluaiseacht Bauhaus Eorpach Nua léi den chuid is mó?

A. Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach
**B. An Comhaontú Glas don Eoraip**
C. An Dóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn

09.02.2021

# Togra le haghaidh Clár Oibre nua don Réigiún Meánmhuirí

## C.1

Is é is aidhm don chlár oibre nua don Réigiún Meánmhuirí an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus Comharsanacht an Deiscirt a athsheoladh agus a neartú. An féidir leat ceann amháin ar a laghad de na tíortha i gComharsanacht an Deiscirt a ainmniú?

- **An Ailgéir, an Éigipt, an Iordáin, Iosrael, an Libia, an Liobáin, Maracó, an Phalaistín*, an tSiria agus an Túinéis.**
  *Ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

## C.2

Cé mhéad airgid a leithdháileadh ar chur chun feidhme an chláir oibre nua don Réigiún Meánmhuirí le haghaidh 2021–2027?

A. Suas le €15 bhilliún
B. Suas le €26 bhilliún
**C. Suas le €30 billiún**

## C.3

Cad é ainm an dearbhaithe a síníodh in 1995, lenar cruthaíodh comhpháirtíocht i measc a shínitheoirí ó thíortha an Aontais agus ó thíortha na Meánmhara Theas?

**A. Dearbhú Barcelona**
B. Dearbhú Chaireo
C. Dearbhú Bhéiriút

17.02.2021

# Mhol an Coimisiún an ghorlann HERA a chruthú

## C.1

Cad atá i gceist le HERA?

A. An tÚdarás Eorpach um Fhianaise agus Taighde Sláinte
B. An tÚdarás Eorpach um Chaiteachas agus Rialáil Sláinte
**C. An tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandálaí Sláinte**

## C.2

Is ag dhá chéim a oibríonn HERA. Cad iad?

**A. Céim na hullmhachta agus céim na géarchéime**
B. Céim na hanailíse agus céim na gníomhaíochta
C. Céim na réamhaíochta agus céim na hoibríochta

## C.3

Cad é an buiséad a leithdháileadh ar dtús ar an ngorlann HERA?

**A. €6 bhilliún ón gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha don tréimhse 2022-2027, a dtiocfaidh cuid de ón gcéad bhreisiú eile de chuid NextGenerationEU.**
B. €9 mbilliún ón gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha don tréimhse 2022-2027, a dtiocfaidh cuid de ón gcéad bhreisiú eile de chuid NextGenerationEU.
C. €3.5 billiún ón gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha don tréimhse 2022-2027, a dtiocfaidh cuid de ón gcéad bhreisiú eile de chuid NextGenerationEU.

03.03.2021

# Cuireadh i láthair straitéis 2021-2030 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas

## C.1

Cad é an chéad choinbhinsiún um chearta an duine a raibh an tAontas Eorpach rannpháirteach ann?

A. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí na Mara
**B. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas**
C. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

## C.2

Cén céatadán de dhaoine faoi mhíchumas atá fostaithe san Aontas Eorpach?

A. 60.1%
B. 55%
**C. 50.8%**

## C.3

An bhfuil a leithéid de rud ann agus Cárta Míchumais Eorpach a chumasaíonn aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais i ngach Ballstát?

A. Fíor.
B. Bréagach.
**C. Tá sé beartaithe. Déanfar togra ón gCoimisiún ag deireadh 2023, bunaithe ar staidéar píolótach a rinneadh i 8 mBallstát.**

04.03.2021

# Cuireadh i láthair Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

## C.1

Cé mhéad príomhphrionsabal agus príomhcheart a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta?

A. 18
**B. 20**
C. 25

## C.2

Cé acu de na chéad trí sprioc uaillmhianacha eile de chuid an Aontais *nach* bhfuil leagtha síos i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ón gCoimisiún?

A. Ba cheart 78% ar a laghad den daonra idir 20 bliain agus 64 bliana d’aois a bheith i bhfostaíocht faoi 2030.
**B. Beidh ar a laghad 60% de na daoine fásta go léir i bpoist freagrachta faoi 2030.**
C. Ba cheart ar a laghad 60% de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna gach bliain faoi 2030.

## C.3

Cé mhéad Ballstát a bhfuil a spriocanna náisiúnta curtha i láthair acu chun rannchuidiú le príomhspriocanna sóisialta an Aontais Eorpaigh?

A. 18
B. 23
**C. 27**

09.03.2021

# Cuireadh i láthair spriocanna digiteacha an Aontais do 2030

## C.1

Cén céatadán den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ba cheart a thiomnú don aistriú digiteach i ngach tír de chuid an Aontais?

**A. 20%**
B. 22%
C. 25%

## C.2

Cé acu díobh seo a leanas is sprioc do 2030 sa Chonair i dtreo na Deacáide Digití?

A. Ríomhaire príobháideach sa bhaile a bheith ag 90% de na saoránaigh.
B. An t-idirlíon a bheith á úsáid uair amháin sa tseachtain ar a laghad ag trí cheathrú den daonra.
**C. Bunscileanna digiteacha ar a laghad a bheith ag 80% ar a laghad de na saoránaigh.**

## C.3

Cad é an t-ainm coitianta do ghnólachtaí nuathionscanta ar luach níos mó ná US$1 bhilliún?

**A. Gnólachtaí nuathionscanta Unicorn**
B. Gnólachtaí nuathionscanta Rocket
C. Gnólachtaí nuathionscanta Cheetah

24.03.2021

# Leagadh amach an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí

## C.1

Cén prionsabal atá i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta lena dtugtar aghaidh ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí?

A. Prionsabal 16: Cúram sláinte
**B. Prionsabal 11: Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí**
C. Prionsabal 20: Rochtain ar sheirbhísí riachtanacha

## C.2

Cá fhad a thóg sé ar na Ballstáit an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a ghlacadh?

A. Bliain iomlán
B. Leathbhliain
**C. Níos lú ná trí mhí**

## C.3

Faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, moltar do na Ballstáit rochtain saor in aisce éifeachtach a chur ar fáil do leanaí a bhfuil gá acu... (ainmnigh réimse amháin)

**A. le hoideachas agus cúram na luath-óige;**
**B. le hoideachas agus gníomhaíochtaí scoilbhunaithe;**
**C. le béile sláintiúil amháin ar a laghad gach lá scoile;**
**D. le cúram sláinte.**

25.03.2021

# Cuireadh i láthair
# Plean Gníomhaíochta um tháirgeadh orgánach a fhorbairt

## C.1

Cad dó a seasann CBT?

A. An Comhaontú um Beartas Taidhleoireachta
**B. An Comhbheartas Talmhaíochta**
C. An Comhshocrú Biteicneolaíochta

## C.2

Cad is feirmeoireacht orgánach ann?

- **Is modh talmhaíochta é an fheirmeoireacht orgánach arb e is aidhm dó bia a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as substaintí agus próisis nádúrtha.**

## C.3

Cén chuma atá ar an lógó lena sainaithnítear táirgeadh orgánach an Aontais?

A. Úll bándearg
B. Bláth buí
**C. Duilleog ghlas**

14.04.2021

# Cuireadh i láthair straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe agus an straitéis chun an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac

## C.1

I straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe, leagtar amach na huirlisí agus na bearta arb é is aidhm dóibh cur isteach ar shamhlacha gnó agus ar struchtúir eagraíochtaí coiriúla thar theorainneacha, ar líne agus as líne araon. An féidir leat smaoineamh ar réimse nithiúil ina ndéantar é sin?

- **Freagraí féideartha: 1) comhar na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach a mhéadú; 2) imscrúduithe níos éifeachtaí chun cur isteach ar struchtúir na coireachta eagraithe; 3) a chinntiú nach n-íocann an choireacht; 4) forfheidhmiú an dlí agus na breithiúna a chur in oiriúint don ré dhigiteach.**

## C.2

Tá gáinneáil ar dhaoine fós ina bagairt thromchúiseach san Aontas d'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas. Den chuid is mó, is mná agus cailíní iad na híospartaigh a ndéantar gáinneáil orthu le haghaidh teacht i dtír gnéasach. Cén céatadán d'íospartaigh, a bheag nó a mhór, ar mná agus cailíní iad?

**A. 72%**
B. 65%
C. 51%

## C.3

An féidir leat aon cheann de na príomhmhargaí coiriúla san Eoraip?

- **Freagraí féideartha: 1) drugaí aindleathacha; 2) gáinneáil ar dhaoine; 3) smuigleáil na n-imirceach; 4) calaois, coireacht chomhshaoil; 5) airm thine aindleathacha; 6) tobac aindleathach; 7) gníomhaíochtaí cibearchoireachta; 8) coireacht mhaoine eagraithe.**

15.04.2021

# Tugadh chun críche an chaibidlíocht maidir le comhaontú nua idir an tAontas agus stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC)

## C.1

Cén t-ainm eile a thugtar ar an gcomhaontú comhpháirtíochta caibidlithe idir an tAontas Eorpach agus tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC)?

**A. Comhaontú 'iar-Cotonou'**
B. Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí ACC
C. Coinbhinsiún Lomé

## C.2

Cé mhéad tír atá mar chuid d'Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC)?

A. 69 dtír san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin
**B. 79 dtír san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin**
C. 89 dtír san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin

## C.3

Ainmnigh ceann de na sé phríomhréimse tosaíochta, a mbeidh an comhaontú comhpháirtíochta, a caibidlíodh idir an tAontas agus stáit ACC, bunaithe orthu.

**Freagraí féideartha:**

- Cearta an duine, an daonlathas, an rialachas i sochaithe atá Dírithe ar an bPobal agus Bunaithe ar Chearta;
- An tsíocháin agus an tslándáil;
- Forbairt an duine agus an fhorbairt shóisialta;
- An inbhuaine comhshaoil agus an t-athrú aeráide;
- Forbairt agus fás eacnamaíoch atá inbhuanaithe ionchuimsitheach;
- An imirce agus an tsoghluaisteacht.

21.04.2021

# Togra le haghaidh rialacha nua agus gníomhaíocht ar mhaithe le barr feabhais agus muinín san intleacht shaorga

## C.1

Cé acu de na trí thionscadal intleachta saorga seo a leanas **nach bhfuil** maoinithe ag an Aontas Eorpach?

A. Néar-athshlánú lena gcabhraítear le téarnamh othar dianchúraim COVID-19
**B. Praghsanna Tithíochta a thuar**
C. Uirlisí ar líne chun fíricí a sheiceáil agus a bhréagnú

## C.2

Cé mhéad airgid atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach a chaitheamh gach bliain ar an intleacht shaorga óna chlár don Eoraip Dhigiteach agus ón gclár Fís Eorpach?

A. €0.5 billiún gach bliain
B. €800 billiún gach bliain
**C. €1 bhilliún gach bliain**

## C.3

Cén céatadán de róbait le haghaidh seirbhísí tionsclaíocha agus pearsanta a tháirgtear san Eoraip?

A. 50% ar a laghad
**B. 25% ar a laghad**
C. 15% ar a laghad

05.05.2021

# Cuireadh i láthair straitéis thionsclaíoch nuashonraithe an Aontais

## C.1

Cén dá aistriú a dtugtar na 'an t-aistriú dúbailte' orthu?

A. An t-aistriú sóisialta agus an t-aistriú polaitiúil
**B. An t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach**
C. An t-aistriú digiteach agus an t-aistriú eacnamaíoch

## C.2

An féidir leat réimse amháin a ainmniú ina bhfuil spleáchais straitéiseacha ag an Aontas?

- **Freagraí féideartha: 1) tearc-chré agus maignéisiam; 2) ceimiceáin; 3) painéil ghréine; 4) bogearraí TF néalríomhaireachta agus imeall-ríomhaireachta; 5) an chibearshlándáil.**

## C.3

Tá an tAontas Eorpach ag brath go mór ar sholáthraithe eachtracha le haghaidh 137 dtáirge ar a laghad. Is ó thrí thír a thagann níos mó ná leath de na spleáchais sin ar tháirgí. Ainmnigh ceann amháin acu.

- **An tSín, Vítneam agus an Bhrasaíl**

09.05.2021

# Osclaíodh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

## C.1

An bhfuil obair na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa tugtha chun críche?

**A. Tá. Cuireadh an tuarascáil maidir le toradh deiridh na comhdhála, 49 dtogra san áireamh, i láthair an 9 Bealtaine 2022**

B. Níl. Cuirfear an tuarascáil maidir le toradh deiridh na comhdhála, 50 togra san áireamh, i láthair an 9 Bealtaine 2023

C. Níl aon sprioc-am sainithe ann go fóill chun an tuarascáil maidir le toradh deiridh na comhdhála a chur i láthair

## C.2

Cad iad na hinstitiúidí de chuid an Aontais a dhéanfaidh obair leantach ar na tograí atá curtha le chéile ag na saoránaigh maidir le todhchaí na hEorpa?

- **Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.**

## C.3

Cad é mana na tuarascála maidir le toradh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa?

A. ‘An Eoraip is mian linn uile’

**B. ‘Is tusa an todhchaí’**

C. ‘Fad saoil don Eoraip!’

12.05.2021

# Glacadh plean gníomhaíochta an Aontais i dtreo aer, uisce agus ithir atá saor ó thruailliú

## C.1

Cad is brí le 'truailliú nialasach'?

- **Sa Chomhaontú Glas don Eoraip, leagadh síos an uaillmhian an sprioc maidir le truailliú nialasach a bhaint amach faoi 2050, ionas go mbeimid uile in ann maireachtáil i dtimpeallacht atá saor ó thocsainí. Chun é sin a bhaint amach, ní mór dúinn a chinntiú go laghdófar an truailliú chuig leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte agus d'éiceachórais nádúrtha, agus is gá dúinn meas a bheith againn ar na teorainneacha is féidir lenár bpláinéad a láimhseáil. Sin an rud is 'truailliú nialasach' ann.**

## C.2

Cé mhéad dramhaíola ar muir is gá dúinn a laghdú chun cáilíocht an uisce a fheabhsú faoi 2030?

A. 20%
**B. 50%**
C. 80%

## C.3

Cén chaoi ar féidir linn truailliú ó tháirgeadh agus ó thomhaltas a laghdú? Tabhair gníomhaíocht amháin.

- **Freagraí féideartha: 1) truailliú ó shuiteálacha tionsclaíocha a laghdú; 2) truailliú ón talmhaíocht a laghdú; 3) na roghanna is lú truailliú a spreagadh i measc tomhaltóirí; 4) ceimiceáin, ábhair agus táirgí a dhéanamh chomh sábháilte agus chomh hinbhuanaithe agus is féidir trína ndearadh agus ina saolré; 5) an praghas ceart a chur ar an truailliú agus dreasachtaí a chruthú le haghaidh roghanna malartacha.**

17.05.2021

# Cuireadh i láthair cur chuige nua maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe

## C.1

Cé mhéad post atá ar fáil i ngeilleagar gorm na hEorpa (gach tionscal agus gach earnáil a bhaineann leis na haigéin, na farraigí agus na cóstaí)?

**A. 4.5 milliún**
B. 6.5 milliún
C. 8 milliún

## C.2

Cén céatadán dár n-uisce atá stóráilte sna haigéin?

A. 85%
B. 93%
**C. 97%**

## C.3

Cé mhéad tona plaisteach a théann isteach i bhfarraigí na hEorpa gach bliain?

**A. Thart ar 27,000 tona**
B. Thart ar 15,000 tona
C. Thart ar 7,000 tona

18.05.2021

# Glacadh teachtaireacht maidir le cánachas gnó don 21ú haois

## C.1

Cén céatadán d'ioncam cánach foriomlán na 27 mBallstát a thagann ó chánacha saothair?

A. Níos mó ná 25%
**B. Níos mó ná 50%**
C. Níos mó ná 65%

*Bíonn buiséid na mBallstát ag brath go mór ar chánacha saothair, lena n-áirítear ranníocaíochtaí sóisialta, rud a sholáthraíonn níos mó ná 50% den ioncam cánach foriomlán sna 27 mBallstát.

## C.2

Is eagraíocht í an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) atá i gceannas ar an athchóiriú idirnáisiúnta cánach. Cad dó a seasann ECFE?

A. An Eagraíocht um Chomhordú Eorpach ar an Easnamh
B. An Eagraíocht um Chreidmheasanna agus Fiachais Eorpacha
**C. An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta**

## C.3

Cad is cuideachta chaoch ann?

A. Cuideachta nach bhfuil ach comhalta amháin aici mar scairshealbhóir aonair
**B. Cuideachtaí nach bhfuil láithreacht fhisiciúil ar bith acu nó a bhfuil láithreacht fhisiciúil íosta acu (gan oifig gan fostaithe) agus nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch iarbhír ar siúl acu**
C. Cuideachta a bhfuil cuspóirí carthanacha aici

01.06.2021

# Seoladh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

## C.1

Cá bhfuil ceanncheathrú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh lonnaithe?

A. Sa Róimh
B. In Amstardam
**C. I Lucsamburg**

## C.2

Cé mhéad tuairisc ar choireanna a phróiseáil an Oifig le linn a céad bhliana oibre?

A. Os cionn 1,000
**B. Os cionn 4,000**
C. Os cionn 7,000
Is é 4,006 an líon cruinn.

## C.3

Cén tír den Aontas arb as do Laura Codruța Kövesi, an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach?

A. An Pholainn
B. An Bhulgáir
**C. An Rómáin**

02.06.2021

# Cuireadh i láthair straitéis nua Schengen

## C.1

Cé mhéad tír atá ina mbaill de limistéar Schengen?

A. 23
**B. 26**
C. 28

## C.2

Cad iad na tíortha nach Ballstáit den Aontas iad atá ina mbaill de limistéar Schengen?

- **An Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin.**

## C.3

Cad iad na tíortha den Aontas nach bhfuil ina mbaill de limistéar Schengen faoi láthair?

- **An Bhulgáir, an Rómáin, an Chróit, an Chipir agus Éire.**

03.06.2021

# Togra le haghaidh creat maidir le céannacht dhigiteach Eorpach atá iontaofa slán

## C.1

Cé a bheidh in ann an Chéannacht Dhigiteach Eorpach a úsáid?

A. Saoránaigh an Aontais agus cuideachtaí gnó atá lonnaithe san Aontas, agus iad sin amháin
B. Saoránaigh ó aon cheann de na 26 thír atá ina mbaill de Limistéar Schengen, agus iad sin amháin
**C. Aon saoránach, cónaitheoir nó gnólacht de chuid an Aontais ar mhaith leo é a úsáid**

## C.2

Faoin togra maidir le céannacht dhigiteach Eorpach, cuirfidh tíortha an Aontais tiachóga digiteacha ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ionas gur féidir leo iad féin a shainaithint go digiteach agus sonraí céannachta agus doiciméid oifigiúla a stóráil agus a bhainistiú i bhformáid leictreonach. Cén úsáid eile a d'fhéadfaí a bhaint as tiachóg dhigiteach, dar leat?

- **Freagraí féideartha: 1) rochtain a fháil ar chuntas bainc; 2) iarratas a dhéanamh ar iasacht; 3) dearbhú cánach a chur isteach; 4) clárú le hollscoil; 5) d'aois a chruthú; 6) carr a fháil ar cíos; 7) clárú mar chónaitheoir i mBallstát eile; 8) cárta SIM a cheannach; 9) liostáil le pas iompair phoiblí, etc.**

## C.3

Tá roinnt spriocanna leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-aistriú digiteach a bhaint amach faoi 2030. Cé mhéad saoránach is ceart ríomhaitheantas (aitheantas leictreonach) a úsáid faoin am sin?

A) 70% de shaoránaigh an Aontais
B) 75% de shaoránaigh an Aontais
**C) 80% de shaoránaigh an Aontais**

01.07.2021

# Tháinig Deimhniú Digiteach COVID an Aontais i bhfeidhm

## C.1

Cad is féidir leat a chruthú le do Dheimhniú Digiteach COVID?

- **Is cruthúnas digiteach é Deimhniú Digiteach COVID an Aontais go bhfuil 1) duine vacsaínithe in aghaidh COVID-19, nó go bhfuil 2) toradh diúltach ar thástáil faighte ag duine, nó 3) go bhfuil duine tagtha chuige féin ó COVID-19.**

## C.2

An féidir leat príomhghné amháin den Deimhniú Digiteach COVID a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) formáid dhigiteach agus/nó formáid pháipéir; 2) cód QR; 3) saor in aisce; 4) bailí i ngach Ballstát den Aontas; 5) sa teanga náisiúnta agus i mBéarla.**

## C.3

Cé mhéad tír nach bhfuil san Aontas a tháinig isteach i gcóras Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais go dtí seo?

A. 37 dtír nach bhfuil san Aontas Eorpach.
B. 42 thír nach bhfuil san Aontas Eorpach.
**C. 48 dtír nach bhfuil san Aontas Eorpach.**

*Faoi dheireadh mhí Iúil 2022, tá 48 dtír nach bhfuil san Aontas Eorpach tar éis dul isteach sa chóras. Glactar leis na deimhnithe COVID a eisítear sna tíortha sin (agus sna críocha sin) san Aontas faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, glacann na 48 dtír sin le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais.

14.07.2021

# Glacadh an pacáiste ‘Oiriúnach do 55’

## C.1

Cad dó a dtagraíonn 55 in ‘Oiriúnach do 55’?

- **55%. Is é sin an sprioc chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990.**

## C.2

Chun ár gcuid spriocanna aeráide a bhaint amach, ní mór dúinn cúrsaí iompair a ullmhú ionas gur astaíochtaí nialasacha a bheidh ann amach anseo. Cén céatadán d'astaíochtaí an iompair is gá dúinn a laghdú?

**A) Na hastaíochtaí ó earnáil an iompair, is astaíochtaí iad nach mór a laghdú 90% faoi 2050 chun an aeráidneodracht a bhaint amach**
B) Na hastaíochtaí ó earnáil an iompair, is astaíochtaí iad nach mór a laghdú 95% faoi 2055 chun an aeráidneodracht a bhaint amach
C) Na hastaíochtaí ó earnáil an iompair, is astaíochtaí iad nach mór a laghdú 75% faoi 2030 chun an aeráidneodracht a bhaint amach

## C.3

Tabhair meastachán den líon feithiclí leictreacha nua (gluaisteáin lánleictreacha agus gluaisteáin hibrideacha inluchtaithe) a cláraíodh san Aontas Eorpach in 2020?

**A. 1 mhilliún**
B. 1.5 milliún
C. 1.8 milliún

16.07.2021

# Cuireadh i láthair straitéis foraoise an Aontais

## C.1

Cén céatadán de thalamh an Aontais atá ina fhoraoisí?

A) 35%
B) 39.1%
**C) 43.5%**

*Is foraoisí agus coillearnach eile 43.5% (gar do 182 mhilliún heicteár) de thalamh an Aontais.

## C.2

Cé mhéad crann breise a gheallamar a chur san Aontas faoi 2030?

A) 1 bhilliún
B) 2.5 billiún
**C) 3 bhilliún**

## C.3

Is é bithfhuinneamh adhmadbhunaithe an phríomhfhoinse fuinnimh in-athnuaite faoi láthair. Cén céatadán den fhuinneamh in-athnuaite é sin?

A) Cuirtear 50% d'úsáid fuinnimh in-athnuaite an Aontais ar fáil leis
**B) Cuirtear 60% d'úsáid fuinnimh in-athnuaite an Aontais ar fáil leis**
C) Cuirtear 75% d'úsáid fuinnimh in-athnuaite an Aontais ar fáil leis

23.09.2021

# Togra le haghaidh luchtaire coiteann i gcomhair gléasanna leictreonacha

## C.1

Tá port luchtúcháin comhchuibhithe le haghaidh gléasanna leictreonacha molta ag an gCoimisiún. Cén port is cheart a bheith sa phort coiteann?

- **USB-C.**

## C.2

Cé mhéad r-dhramhaíola a chruthaítear le luchtairí diúscartha agus neamhúsáidte gach bliain?

**A. 11,000 tona**
B. 15,000 tona
C. 20,000 tona

## C.3

Ar an meán, cé mhéad luchtaire fóin póca a bhíonn ag tomhaltóir?

- **Trí cinn.**

29.09.2021

# Glacadh teachtaireacht maidir le misin Eorpacha

## C.1

Is ionstraim nua uaillmhianach é Misin an Aontais chun dul i ngleic le roinnt de na príomhdhúshláin atá romhainn. Leagtar amach sna Misin spriocanna soiléire atá le baint amach laistigh de thréimhse ama ar leith. Beidh tionchar acu trí ról nua a thabhairt don taighde agus don nuálaíocht, mar aon le cineálacha nua rialachais agus comhair. Cén clár de chuid an Aontais ina bhfuil siad fréamhaithe den chuid is mó?

A. Sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa
**B. 'Fís Eorpach', is é sin clár taighde agus nuálaíochta an Aontais**
C. Sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

## C.2

Tá '*Conquering Cancer: Mission Possible*' [An Ailse a Chloí – Misean Indéanta] ar cheann de na misin Eorpacha. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún saol níos mó ná 3 mhilliún duine a fheabhsú trí chosc, leigheas agus réitigh ionas go mairfidh siad níos faide agus níos fearr. Cén uair is mian leis an gCoimisiún an sprioc sin a bhaint amach?

- **Faoi 2030.**

## C.3

Tá níos mó ná 70% d'astaíochtaí domhanda CO2 á dtáirgeadh ag cathracha, agus tá ról ríthábhachtach acu chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Trí Mhisean de chuid an Aontais, cé mhéad cathair a dtabharfar tacaíocht dóibh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2030?

A. 50 cathair
B. 78 gcathair
**C. 100 cathair**

05.10.2021

# Cuireadh i láthair an chéad straitéis riamh de chuid an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac

## C.1

Cén bhliain a ceapadh Comhordaitheoir maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus an saol Giúdach a chothú?

A. 2005
B. 2010
**C. 2015**

## C.2

Cad é an focal Eabhraise ar an uileloscadh?

A. Shalom
**B. Shoah**
C. Todah

## C.3

A bheag nó a mhór, cé mhéad Giúdach atá ina gcónaí san Aontas Eorpach inniu?

**A. Suas le 1.5 milliún**
B. Suas le 3 mhilliún
C. Suas le 4.5 milliún

12.10.2021

# Eisíodh an chéad bhanna glas

## C.1

Cé mhéad airgid atá bailithe ag an gCoimisiún trí bhannaí glasa a eisiúint?

A. Tá €10 mbilliún bailithe aige le húsáid don dá aistriú, agus do na haistrithe sin amháin

**B. Tá €12 bhilliún bailithe aige le húsáid le haghaidh infheistíochtaí glasa agus inbhuanaithe ar fud an Aontais, agus le haghaidh na n-infheistíochtaí sin amháin**

C. Tá €15 bhilliún bailithe aige le húsáid chun tacú leis an earnáil phríobháideach, agus chun na gcríoch sin amháin

## C.2

Ní mór cistiú atá dírithe ar an aistriú glas a bheith i ngach Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Cad é an t-íoschéatadán a bhaineann leis sin?

A. 25%

B. 33%

**C. 37%**

*Ní mór 37% ar a laghad de gach Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a bheithe dírithe ar an aistriú glas, agus tá go leor Ballstát ag iarraidh níos mó ná sin a dhéanamh.

## C.3

Cad é an buiséad atá ag dul do NextGenerationEU, an ionstraim shealadach chun téarnamh an Aontais a chumhachtú?

A. Níos mó ná €750 billiún

**B. Níos mó ná €800 billiún**

C. Níos mó ná €900 billiún

*Is é €806.9 billiún an méid beacht.

13.10.2021

# Cuireadh i láthair
# Beartas Artach an Aontais

## C.1

Tá an réigiún Artach ríthábhachtach don Aontas ó thaobh straitéise de, i bhfianaise an athraithe aeráide, na n-amhábhar agus an tionchair gheostraitéisigh. Le Beartas nua, tá roinnt céimeanna molta ag an Aontas chun a rannpháirtíocht leis an réigiún a neartú. An féidir leat smaoineamh ar shampla nithiúil den mhéid atá á dhéanamh ag an Aontas Eorpach?

- **Freagraí féideartha: 1) dul i ngleic le tionchar éiceolaíoch, sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil an athraithe aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil; 2) comhshaol agus bithéagsúlacht an Artaigh a chosaint; 3) dul i ngleic le hastaíochtaí carbóin dhuibh agus lorg carbóin agus comhshaoil an mhuiriompair a laghdú; 4) tacú le forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe na réigiún Artach; 5) an comhar idirnáisiúnta a neartú.**

## C.2

Cé hé pobal dúchais an Artaigh?

- **Na hIonúitigh.**

## C.3

Cé mhéad duine, a bheag nó a mhór, a bhfuil cónaí orthu ar an taobh ó thuaidh den Chiorcal Artach?

A. 3.5 milliún
**B. 4 mhilliún**
C. 4.5 milliún

17.11.2021

# Rialachán chun srian a chur le dífhoraoisiú arb é an tAontas is siocair leis agus le loingsithe dramhaíola, agus straitéis nua ithreach an Aontais

## C.1

Ainmnigh táirge amháin atá cumhdaithe ag rialacha frith-dhífhoraoisithe an Aontais Eorpaigh?

- **Freagraí féideartha: 1) ola pailme; 2) mairteoil; 3) soighe; 4) caifé; 5) cócó; 6) adhmad.**

## C.2

In 2020, d'easpórtáil an tAontas tuairim agus 32.7 milliún tona dramhaíola chuig tíortha nach bhfuil san Aontas. Cén tír a d'iompórtáil an chuid is mó di?

- **An Tuirc, agus an India, an Ríocht Aontaithe agus an Eilvéis ina dhiaidh sin.**

## C.3

Cén céatadán d'orgánaigh bheo atá san ithir?

A. 5%
B. 10%
**C. 25%**
*Is éiceachóras riachtanach í an ithir ina bhfuil níos mó ná an ceathrú cuid de na horgánaigh bheo ar fad ar an bpláinéad.

25.11.2021

# Tograí maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla agus bearta chun feabhas a chur ar chumas cuideachtaí caipiteal a thiomsú

## C.1

Tá na tograí sin ina gcuid de phacáiste níos leithne tionscnamh arb é is aidhm dóibh daonlathas na hEorpa a neartú, amhail...

- **A. An Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach (EDAP)**
- B. An Clár um an gCoimisiún Daonlathais (DCP)
- C. An Comhshocrú um Dhaonlathas agus Rialachas (DGP)

## C.2

De réir an togra sin, chun trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú maidir le bunús na gcistí agus an chaiteachais i gcomhthéacs fógraíocht pholaitiúil ó pháirtithe polaitiúla agus a n-iarrthóirí, ní mór d'ardáin ar líne an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **A. Eolas a chur ar fáil faoin gcleamhnacht pholaitiúil agus faoi chistiú na bhfógraí.**
- B. Eolas a chur ar fáil faoin gcleamhnacht pholaitiúil agus faoi chistiú na bhfógraí, más ar an leibhéal náisiúnta atá an feachtas agus sa chás sin amháin.
- C. Eolas a chur ar fáil faoin gcleamhnacht pholaitiúil agus faoi chistiú na bhfógraí, más ar leibhéal an Aontais atá an feachtas agus sa chás sin amháin.

## C.3

Cathain a bheidh na chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa?

- **In 2024.**

01.12.2021

# Seoladh an Global Gateway

## C.1

Maidir le Global Gateway, an straitéis Eorpach chun naisc chliste ghlana shlána a threisiú ar fud an domhain, cé mhéad infheistíochta a mheastar a dhéanfaidh sé a ghiaráil?

A. €100 billiún
B. €200 billiún
**C. €300 billiún**
*Déanfaidh Global Gateway suas le €300 billiún euro d'infheistíochtaí a shlógadh chun bonneagar domhanda a fhorbairt agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach ar fud an domhain.

## Q.2

Is é is aidhm do Thionscnamh ceannródaíoch an Bhalla Mhóir Ghlais, atá faoi stiúir na hAfraice agus a sheol an tAontas Afracach in 2007, tírdhreach díghrádaithe na mór-roinne sin a athneartú agus saol na milliún daoine a athrú ó bhonn sa tSaiheil. Cá fhad a bheidh an Balla ó chósta go cósta (i.e. ón Atlantach sa tSeineagáil go dtí an tAigéan Indiach in Djibouti):

A. 2,000 km
**B. 8,000 km**
C. 30,000 km

## C.3

Cén áit ar osclaíodh an chéad mhol aistrithe teicneolaíochta vacsaíní mRNA?

**A. In Cape Town, an Afraic Theas**
B. In Dakar, an tSeineagáil
C. In Abuja, an Nigéir

09.12.2021

# Cuireadh i láthair plean gníomhaíochta chun cabhrú le rath a chur ar gheilleagar sóisialta na hEorpa

## C.1

Is éard atá i gceist le heagraíochtaí an gheilleagair shóisialta eintitis a thugann tús áite do chuspóirí sóisialta agus comhshaoil agus a athinfheistíonn an chuid is mó dá mbrabús isteach san eagraíocht. Cé mhéad eintiteas de chuid an gheilleagair shóisialta atá san Eoraip, a bheag nó a mhór?

A. 800,000
B. 1.8 milliún
**C. 2.8 milliún**

## C.2

An bhfuil cur amach agat ar aon chineál eintitis de chuid an gheilleagair shóisialta?

- **Freagraí féideartha: 1) comharchumainn, 2) cumainn chomhshochair, 3) comhlachais (lena n-áirítear carthanais), 4) fondúireachtaí nó 5) fiontair shóisialta.**

## C.3

Cad ar a gcuirfidh an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta feabhas? An féidir leat smaoineamh ar réimse amháin?

- **Freagraí féideartha: 1) timpeallacht an ghnó: creat beartais agus dlíthiúil; 2) deiseanna agus fothú acmhainneachta: rochtain ar chistiú, tacaíocht don uas-scálú; 3) feasacht: infheictheacht an gheilleagair shóisialta a threisiú agus a thionchar dearfach a chur chun cinn.**

09.12.2021

# Togra maidir leis an bhfuathchaint agus an fhuathchoireacht a liostú mar choireanna an Aontais

## C.1

Is coireanna an-tromchúiseach iad an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht toisc go mbaineann siad an bonn de luachanna coiteanna agus de chearta bunúsacha an Aontais. An féidir leat aon cheann de luachanna an Aontais a ainmniú?

- **Tá luachanna an Aontais cumhdaithe sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (Airteagal 2): 'Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.'**

## C.2

Is coireanna tromchúiseacha ar leith iad coireanna an Aontais a tharlaíonn ar fud an Aontais agus ag a mbíonn tionchar thar theorainneacha náisiúnta. Sin an fáth a ndéantar iad a choiriúlú ar leibhéal an Aontais agus go gcuimsítear iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tá 10 gcoir de chuid an Aontais ann faoi láthair. Níl an fhuathchaint ná an fhuathchoireacht ar an liosta go fóill. An bhféadfá aon cheann de choireanna an Aontais atá sa Chonradh ar an Aontas Eorpach faoi láthair a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) sceimhlitheoireacht, 2) gáinneáil ar dhaoine, 3) teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí, 4) gáinneáil aindleathach ar dhrugaí, 5) gáinneáil aindleathach ar airm, 6) sciúradh airgid, 7) éilliú, 8) góchumadh modhanna íocaíochta, 9) cibearchoireacht agus 10) coireacht eagraithe.**

## C.3

Cathain a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen go raibh sé ar intinn aici an liosta de choireanna an Aontais a leathnú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chumhdach?

- **Ina hóráid ar Staid an Aontais in 2020.**

09.12.2021

# Togra chun feabhas a chur ar dhálaí oibre daoine a bhíonn ag obair trí ardáin dhigiteacha

## C.1

A bheag nó a mhór, cé mhéad duine a oibríonn trí ardáin dhigiteacha saothair san Aontas Eorpach?

A. Níos mó ná 8 milliún
B. Níos mó ná 18 milliún
**C. Níos mó ná 28 milliún**
*Tá geilleagar na n-ardán digiteach ag fás go tapa, agus in 2025, meastar gur 43 mhilliún duine a bheidh bainteach leis

## C.2

Cé mhéad ardán digiteach saothair atá ag feidhmiú san Aontas Eorpach?

A. Os cionn 400
**B. Os cionn 500**
C. Os cionn 600

## C.3

As na 28 milliún duine a mheastar a bheith ag obair trí ardáin san Aontas Eorpach, d'fhéadfadh suas le 5.5 milliún duine a bheith mí-aicmithe faoi láthair mar dhaoine féinfhostaithe. An bhféadfá buntáiste amháin a ainmniú a bheadh ag na daoine sin as bheith aicmithe mar oibrithe?

- **Freagraí féideartha: 1) am scíthe ráthaithe agus laethanta saoire íoctha; 2) sábháilteacht agus cosaint sláinte; 3) sochair dhífhostaíochta, bhreoiteachta agus cúraim sláinte; 4) saoire tuismitheora; 5) cearta pinsin; 6) sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.**

14.12.2021

# Togra chun córais iompair an Aontais a nuachóiriú

## C.1

Cad iad roinnt de na bealaí a bhféadfaí córas iompair an Aontais a nuachóiriú?

- **Mhol an Coimisiún 4 ghníomhaíocht i ndáil leis sin: 1) trí nascacht a mhéadú agus níos mó paisinéirí agus lasta a aistriú chuig iarnróid agus chuig uiscebhealaí intíre; 2) trí phointí luchtaithe, bonneagar athbhreoslaithe mhalartaigh, agus teicneolaíochtaí digiteacha nua a rolladh amach; 3) trí dhíriú ar bhealach níos láidre ar shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe, agus 4) trína dhéanamh níos éasca roghanna éagsúla iompair a roghnú.**

## C.2

Cad é TEN-T?

- **Is líonra iarnróid, uiscebhealaí intíre, bealaí loingseoireachta gearrthurais agus bóithre ar fud an Aontais é TEN-T.**
  Nascann sé 424 chathair mhóra le calafoirt, aerfoirt agus críochfoirt iarnróid. Nuair a bheidh TEN-T tugtha chun críche, laghdófar amanna taistil idir na cathracha sin. Mar shampla, beidh paisinéirí in ann taisteal idir Cóbanhávan agus Hamburg in 2.5 uair an chloig ar an traein, in ionad na 4.5 uair an chloig a theastaíonn inniu.

## C.3

Cé mhéad ciliméadar d'iarnród atá san Aontas Eorpach?

A. 101,000 km
**B. 201,000 km**
C. 301,000 km

(Sonraí ó 2018, AE-27)

14.12.2021

# Togra chun limistéar Schengen a dhéanamh níos athléimní

## C.1

An bhféadfá smaoineamh ar chúis amháin chun limistéar Schengen a dhéanamh níos athléimní?

- **Freagraí féideartha: 1) le bheith in ann dul i ngleic le dúshláin nua, amhail bagairtí don tsláinte phoiblí; 2) chun a chinntiú gur rogha dheiridh i gcónaí é aon athbhunú a dhéanfar ar na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha; 3) tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus feabhas a chur ar an gcomhordú i gcás géarchéime.**

## C.2

Maidir le seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach arís i gcás teagmhais gan choinne, cén teorainn ama a mhol an Coimisiún?

A. 30 lá nach féidir síneadh a chur leis
**B. 30 lá ar féidir síneadh suas le 3 mhí a chur leis**
C. 30 lá ar féidir síneadh suas le 6 mhí a chur leis

## C.3

Cé mhéad duine a thrasnaíonn teorainneacha inmheánacha san Aontas ar bhonn laethúil, a bheag nó a mhór?

A. Thart ar 1.5 milliún
B. Thart ar 2.5 milliún
**C. Thart ar 3.5 milliún**

15.12.2021

# Togra le haghaidh creat nua de chuid an Aontais chun margaí gáis a dhícharbónú, hidrigin a chur chun cinn agus astaíochtaí meatáin a laghdú

## C.1

Cad iad na trí phríomhfhoinse astaíochtaí meatáin de dhéantús an duine san Eoraip agus ar fud an domhain?

- **An talmhaíocht, dramhaíl agus fuinneamh.**

## C.2

Cén tír lenar sheol an tAontas an Gealltanas Domhanda maidir le Meatán, tionscnamh arb é is aidhm dó astaíochtaí meatáin domhanda a laghdú?

**A. Leis na Stáit Aontaithe**
B. Le Ceanada
C. Leis an tSeapáin

*Tá níos mó ná 100 tír páirteach sa tionscnamh go dtí seo.

## C.3

Cén céatadán den téamh domhanda atá ann faoi láthair arb iad astaíochtaí meatáin is cúis leis?

A. 20%
B. 25%
**C. 30%**

*Is é meatán an dara cúis is mó leis an athrú aeráide tar éis dé-ocsaíd charbóin (CO2) agus is é is cúis le thart ar 30% den téamh domhanda atá ann faoi láthair.

01.01.2022

# 20 bliain de nótaí bainc agus boinn euro inár bpócaí

## C.1

Cé mhéad Ballstát a raibh an t-airgeadra euro acu ar an gcéad lá den euro, an 1 Eanáir 2002?

**A. 12**
B. 13
C. 14

*Seo a leanas na Ballstáit a bhí i gceist: an Bheilg, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil agus an Spáinn.

## C.2

Cad é an chéad Bhallstát eile a rachaidh isteach sa limistéar euro an 1 Eanáir 2023?

A. An Rómáin
B. An Bhulgáir
**C. An Chróit**

## C.3

Cé mhéad ainmníocht atá ag boinn euro?

**A. 8**
B. 9
C. 10

*Ocht n-ainmníocht éagsúla. 1, 2, 5, 10, 20 agus 50 cent, €1 agus €2.

01.01.2022

# Tús
# Bhliain Eorpach na hÓige

## C.1

Cén t-ainm atá ar an tionscnamh a thugann deis do dhaoine 18 mbliana d'aois taisteal ar fud na hEorpa agus eolas a chur uirthi, trí phas taistil a bhronnadh ar na daoine óga a roghnaítear?

**A. DiscoverEU**
B. Interrail
C. Erasmus

## C.2

I gcás daoine óga idir 18-30 bliain d'aois, cén clár ar féidir leis cistiú agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail ghearrthéarmacha nó fhadtéarmacha suas le 12 mhí a rachaidh chun tairbhe do phobail, thar lear nó ina dtír féin?

**A. An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach**
B. ALMA (*Aim, Learn, Master, Achieve*) [Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh]
C. Saorálaithe Cabhrach an Aontais

## C.3

Cén tír de chuid an Aontais ina raibh an sciar is airde de dhaoine óga (daoine idir 0 agus 29 mbliana d'aois) in 2019?

**A. Éire**
B. An Chipir
C. An tSualainn

*Ba í Éire an Ballstát is óige as na 27 mBallstát, ós rud é gur idir 0 agus 29 mbliana d'aois a bhí beagnach 4 as gach deichniúr a raibh cónaí orthu sa tír ag tús 2019 (39.0%).

18.01.2022

# Tionscnaimh nua chun ollscoileanna san Aontas a ullmhú don todhchaí

## C.1

Cé mhéad institiúid oideachais a bhainfidh tairbhe as an straitéis Eorpach d'ollscoileanna?

A. 250
**B. 500**
C. 750

*Faoi lár 2024, tabharfaidh an buiséad Eorpach tacaíocht do 60 Comhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha ina bhfuil 500 institiúid ardoideachais páirteach ar fud na hEorpa.

## C.2

Cé chomh fada is atá Erasmus ar bun, is é sin clár an Aontais Eorpaigh don oideachas, don oiliúint, don óige agus don spórt?

A. 25
**B. 35**
C. 45

*Is é 2022 an 35ú bliain de chlár Erasmus, clár suaitheanta an Aontais Eorpaigh don oideachas, don oiliúint, don óige agus don spórt.

## C.3

Tá an éagsúlacht, an t-ionchuimsiú agus an comhionannas inscne san earnáil ardoideachais níos tábhachtaí anois ná riamh. Cé mhéad de cheannairí institiúidí ardoideachais laistigh den Aontas ar mná iad?

A. 19%
B. 40%
**C. 24%**

08.02.2022

# Togra le haghaidh an ghnímh Eorpaigh um shliseanna

## C.1

Cad é sciar an Aontais, a bheag nó a mhór, i margadh domhanda na micrishliseanna?

**A. 10%**

B. 20%

C. 30%

*Is é 10% an freagra. Leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna, tá sé beartaithe creat a chur i bhfeidhm chun an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú go 20% den mhargadh domhanda faoi 2030.

## C.2

Cé mhéad airgid a shlógfar leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanais leathsheoltóirí agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú?

A. Níos mó ná €23 bhilliún

B. Níos mó ná €33 bhilliún

**C. Níos mó ná €43 bhilliún**

*Leis an ngníomh um shliseanna, cuirfear breis agus €43 bhilliún d'infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha ar fáil agus leagfar síos bearta chun ullmhúchán a dhéanamh i dtaca le haon suaitheadh a bheadh ann ina dhiaidh seo sna slabhraí soláthair, chun an suaitheadh sin a thuar, agus chun freagairt dó go pras, in éineacht leis na Ballstáit agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

## C.3

An féidir leat táirge nó seirbhís amháin a ainmniú ina n-úsáidtear micrishliseanna leathsheoltóra?

- **Is cuid fhíor-riachtanach de tháirgí digiteacha agus digitithe iad sliseanna leathsheoltóra. Fóin chliste agus carranna, feidhmchláir agus bonneagair chriticiúla le haghaidh an chúraim sláinte, an fhuinnimh, na soghluaisteachta, na cumarsáide agus an tionscail – sna réimsí sin ar fad, tá sliseanna lárnach sa gheilleagar digiteach nua-aimseartha. Tá siad ríthábhachtach freisin maidir le príomhtheicneolaíochtaí digiteacha na todhchaí, an intleacht shaorga (IS), 5G agus an imeall-ríomhaireacht san áireamh. Is é bun agus barr an scéil nach ann don 'digitiú' gan sliseanna.**

15.02.2022

# Cuireadh i láthair Pacáiste Cosanta an Aontais

## C.1

Cad é buiséad an Chiste Eorpaigh Cosanta?

A. €7 mbilliún
**B. €8 mbilliún**
C. €9 mbilliún
*Tá beagnach €8 mbilliún geallta don Chiste Eorpach Cosanta le haghaidh 2021-2027. €2.7 billiún chun taighde comhoibríoch ar an gcosaint a chistiú agus €5.3 billiún chun tionscadail chomhoibríocha um fhorbairt cumais a chistiú, rud a chuirfidh leis na ranníocaíochtaí náisiúnta.

## C.2

I mí Feabhra 2022, chuir an Coimisiún i láthair roinnt gníomhaíochtaí atá ríthábhachtach don chosaint agus don tslándáil laistigh den Aontas Eorpach agus do mhargadh cosanta Eorpach atá níos comhtháite agus níos iomaíche. Cé acu díobh seo a leanas **NACH** togra ón gCoimisiún é?

**A. Laghdú a dhéanamh ar infheistíochtaí sa taighde cosanta agus sna cumais a fhorbraítear i gcomhthéacs creataí comhoibritheacha an Aontais.**
B. Soláthar comhpháirteach a dhreasú i dtaca le cumais chosanta a fhorbraítear ar bhealach comhoibríoch laistigh den Aontas.
C. Neartú a dhéanamh ar ghné shlándála agus chosanta na ngníomhaíochtaí spáis ar leibhéal an Aontais.

## C.3

Cad iad na buntáistí a bhaineann le soláthar comhpháirteach i réimse na cosanta? An féidir leat smaoineamh ar aon cheann acu?

- **Seo a leanas cuid de na buntáistí: 1) idir-inoibritheacht fhórsaí armtha náisiúnta na hEorpa a mhéadú; 2) tacú le hiomaíochas bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta an Aontais.**

23.02.2022

# Togra le haghaidh gníomh nua sonraí

## C.1

Leis an ngníomh nua sonraí, mhol an Coimisiún rialacha nua maidir le cé atá in ann sonraí a ghintear san Aontas a úsáid agus a rochtain ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha ar fad. Cad iad na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an ngníomh nua sonraí, dar leat?

- **Cinnteoidh an gníomh sonraí cothroime sa timpeallacht dhigiteach, spreagfaidh sé margadh iomaíoch sonraí, cruthóidh sé deiseanna don nuálaíocht shonraíbhunaithe agus déanfaidh sé sonraí níos inrochtana do chách. Tabharfaidh sé níos mó smachta do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí araon ar a gcuid sonraí trí cheart iniomparthachta sonraí atreisithe, lenar féidir sonraí a chóipeáil nó a aistriú go héasca ó sheirbhísí éagsúla, i gcás ina ngintear na sonraí trí oibiachtaí cliste, meaisíní cliste agus gléasanna cliste. Beidh sé níos fusa sonraí a aistriú chuig soláthraithe seirbhísí agus eatarthu, agus spreagfaidh sé sin níos mó gníomhaithe, lena n-áirítear FBManna, chun páirt a ghlacadh sa gheilleagar sonraí.**

## C.2

Tá coinne leis go gcruthóidh na rialacha nua maidir le sonraí acmhainní breise in OTI do Bhallstáit an Aontais faoi 2028 trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna dlíthiúla, eacnamaíocha agus teicniúla as a n-eascraíonn tearcúsáid sonraí. Cé mhéad airgid a bheadh sa mhéadú sin, a bheag nó a mhór?

A. €70 billiún
B. €170 billiún
**C. €270 billiún**

## C.3

Mar shampla, is féidir leis an teicneolaíocht cuidiú le feirmeoirí a dtáirgeacht a bharrfheabhsú agus a mhéadú, pleanáil feirme a fheabhsú agus cinntí níos cliste a dhéanamh maidir le hacmhainní agus costais a laghdú. Tugtar 'feirmeoireacht bheacht' nó 'talmhaíocht bheacht' air sin. Cén cineál sonraí a chuideodh leis sin?

- **Freagraí féideartha: 1) sonraí fíor-ama ar aimsir, ar theocht, ar thaise, 2) comharthaí GPS, 3) sonraí ithreach, 4) sonraí ar riachtanais plandaí etc.**

25.02.2022

# Glacadh an chéad phacáiste smachtbhannaí tar éis don Rúis ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin

## C.1

Tá bearta sriantacha nó 'smachtbhannaí' fíor-riachtanach do bheartas de chuid an Aontais, ach cén beartas é sin?

A. An Beartas Forbartha
**B. An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála**
C. Beartas Comharsanachta an Aontais

## C.2

Cén uair a thosaigh an tAontas bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne na Rúise mar gheall ar an Úcráin?

**A. Ó bhí 2014 ann**
B. Ó bhí 2018 ann
C. Ó bhí 2022 ann

*Ó bhí mí an Mhárta 2014 ann, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas i gcoinne na Rúise mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na tíre ar an gCrimé.

## C.3

Tá calcadh sócmhainní ar cheann de na smachtbhannaí i gcoinne daoine aonair. Cad is brí leis an téarma sin?

- **Calcadh sócmhainní: na daoine agus na heintitis atá liostaithe, déantar gach cuntas atá acu i mbainc an Aontais a chalcadh, rud a fhágann go bhfuil toirmeasc ar chistí nó sócmhainní a chur ar fáil dóibh go díreach nó go hindíreach. Cinntíonn sé sin nach féidir a gcuid airgid a úsáid a thuilleadh chun tacú le réimeas na Rúise agus nach féidir leo iarracht a dhéanamh tearmann sábháilte a aimsiú san Aontas.**

02.03.2022

# Gníomhachtaíodh an Treoir um Chosaint Shealadach do dhaoine a bhí ar a dteitheadh ón Úcráin

## C.1

Cad é an Treoir um Chosaint Shealadach?

- **Is beart eisceachtúil í cosaint shealadach chun cosaint láithreach shealadach a chur ar fáil i gcás ina dtagann líon ard daoine easáitithe isteach nó ina bhfuil siad ar tí teacht isteach ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus nach féidir leo filleadh ar a dtír thionscnaimh.**

## C.2

Glacadh an Treoir um Chosaint Shealadach tar éis na coimhlinte san iar-Iúgslaiv. Ach cathain a úsáideadh an Treoir sin den chéad uair?

- **Cuireadh an Treoir i ngníomh den chéad uair i mí an Mhárta 2022 mar fhreagairt ar an gcogadh san Úcráin.**

## C.3

Ainmnigh ceart amháin a bhfuil tairbhithe de chosaint shealadach ina theideal.

- **Freagraí féideartha: 1) cead cónaithe ar feadh ré iomlán na cosanta, 2) rochtain ar leas sóisialta, ar chúram leighis, ar oideachas, ar chóiríocht nó ar thithíocht, ar sheirbhísí baincéireachta, ar an nós imeachta tearmainn, ar fhaisnéis faoi chosaint shealadach, 3) rochtain ar fhostaíocht (*faoi réir coinníollacha), 4) saoirse gluaiseachta (ar feadh 90 lá tar éis cead cónaithe sa tír óstach den Aontas a bheith eisithe), 5) aistriú go tír eile san Aontas (sula n-eisítear cead cónaithe), 6) deiseanna do theaghlaigh athaontú i gcúinsí áirithe.**

08.03.2022

# Togra le haghaidh rialacha uile-Aontais chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac

## C.1

Le rialacha uile-Aontais chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún, i measc nithe eile, an cibearfhoréigean a choiriúlú, an chibearstalcaireacht agus cibearchiapadh san áireamh. An bhfuil a fhios agat cad a chumhdaítear leis na trí chion sin?

- Is cineál nua-aimseartha foréigin í an **chibearstalcaireacht** a dhéantar go minic ar bhaill teaghlaigh nó ar dhaoine atá ina gcónaí sa teaghlach céanna, ach freisin a dhéanann iarpháirtithe nó lucht aitheantais. De ghnáth, bíonn an foghlaí ag baint mí-úsáid as teicneolaíocht chun smacht a chur ar dhuine nó comhéigean, ionramháil agus faireachas a dhéanamh air, rud a mhéadaíonn eagla, imní agus leithlisiú an íospartaigh de réir a chéile ó chairde agus ó theaghlaigh.
- Cumhdaíonn an **chibearstalcaireacht** ionsaithe, cuir i gcás bagairtí, maslaí nó iompraíocht ionsaitheach eile i gcoinne daoine aonair, mná agus cailíní go háirithe, agus a tharlaíonn de ghnáth trí na meáin shóisialta nó trí sheirbhísí eile ar líne.
- Is cineál nua-aimseartha foréigin eile é **íomhánna pearsanta nó cúbláilte a chomhroinnt go neamhthoiliúil** ina ndéantar grianghraif, físeáin nó ábhar pearsanta eile de chuid duine eile inrochtana trí mheán TFC (e.g. líonraí sóisialta, fóin phóca), gan toiliú an duine sin nó, sula ndéantar sin, íomhánna pearsanta a chúbláil chun go ndealraíonn sé go bhfuil duine eile páirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha ('domhainbhrionnú').

## C.2

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, sin é an tagarmharc do chaighdeáin idirnáisiúnta sa réimse sin. Cén t-ainm eile atá ar an gCoinbhinsiún sin?

A. Coinbhinsiún na Ginéive
**B. Coinbhinsiún Iostanbúl**
C. Coinbhinsiún Chicago

## C.3

Cé mhéad bean (i bpointí céatadáin) laistigh den Aontas a d'fhulaing gnéaschiapadh?

**A. 50% – bean amháin as gach beirt bhan**
B. 38%
C. 29%

21.03.2022

# Comhaontú maidir leis an gCompás Straitéiseach

## C.1

Cén réimse beartais ar forbraíodh an Compás Straitéiseach ina leith?

A. An iomaíocht
B. An beartas réigiúnach
**C. An tslándáil agus an chosaint**
*Leis an gCompás Straitéiseach, tugtar plean gníomhaíochta uaillmhianach don Aontas Eorpach chun beartas slándála agus cosanta an Aontais a neartú faoi 2030.

## C.2

Cad iad na ceithre cholún den Chompás Straitéiseach, cur chuige comhchoiteann an Aontais maidir le slándáil agus cosaint?

**A. Gníomhú, infheistiú, comhpháirtiú agus daingniú**
B. Anailísiú, measúnú, dul i ngleic agus seachadadh
C. Tógáil, tástáil, feabhsú agus imscaradh

## C.3

Cad é Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais?

A. 5,000 ladrann ceamara lena nglactar pictiúir agus físeáin.
**B. 5,000 trúpa is féidir a imscaradh chun freagairt do gharbhagairtí agus do ghéarchéimeanna.**
C. 5,000 fearas garchabhrach is féidir a chur chuig tír áirithe laistigh den Aontas.

23.03.2022

# Cuireadh i láthair bearta chun slándáil dhomhanda bia a fheabhsú

## C.1

I bhfianaise an bhorrtha atá tagtha ar phraghsanna domhanda tráchtearraí, borradh ar cuireadh dlús leis i ngeall ar ionsaí na Rúise ar an Úcráin, cad atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach?

**Chuir an Coimisiún Eorpach réimse gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha i láthair chun slándáil bia ar fud an domhain a fheabhsú agus chun tacú le feirmeoirí agus le tomhaltóirí san Aontas. Cuimsíonn sé, mar shampla:**

- **Cuidiú chun grán a fháil amach as an Úcráin;**
- **Tacú le feirmeoirí an Aontais agus le pobail leochaileacha;**
- **Dlús a chur lenár dtáirgeadh bia;**
- **Deireadh a chur le srianta ar thrádáil bia;**
- **A bheith ina phríomhsholáthraí cúnaimh dhaonnúil agus forbartha a mhéid a bhaineann le bia agus le córais bhia;**
- **Pleananna teagmhasacha a chur i bhfeidhm don soláthar bia agus don tslándáil bia.**

## C.2

Tá gach beart is gá á dhéanamh ag an Aontas chun cur leis an tslándáil bia ar fud an domhain. Cé mhéad tír a bhfuil sé beartaithe ag an Aontas tacú leo maidir le hinbhuanaitheacht na gcóras bia?

A. 65

**B. 70**

C. 75

*Sa chlár um chomhar idirnáisiúnta 2021-27, oibreoidh an tAontas chun inbhuanaitheacht na gcóras bia a fhorbairt i gcomhar le timpeall 70 tír chomhpháirtíochta. Thairis sin, ag an gCruinniú Mullaigh maidir le Cothú le haghaidh Fáis i dTóiceo i mí na Nollag 2021, gheall an tAontas agus na Ballstáit go leanfaidh siad d'aghaidh a thabhairt ar an míchothú le gealltanas suntasach €4.3 billiún, lena n-áirítear ar a laghad €2.5 billiún ón Aontas Eorpach don chomhar idirnáisiúnta lena ngabhann cuspóir cothaithe don tréimhse 2021-2024.

## C.3

Tá Straitéis an Aontais 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' ar cheann de na spriocanna nithiúla chun córas bia an Aontais a athrú ó bhonn. Cén sprioc atá ag an Straitéis sin maidir leis an laghdú atá beartaithe a dhéanamh ar úsáid agus riosca lotnaidicídí faoi 2030?

A. 25%
B. 40%
**C. 50%**

23.03.2022

# Cuireadh i láthair roghanna chun praghsanna arda fuinnimh a mhaolú trí cheannacháin chomhchoiteanna gháis agus trí oibleagáidí íosta stórála gáis

## C.1

I mí an Mhárta 2022, leag an Coimisiún amach roghanna chun praghsanna arda fuinnimh a mhaolú trí cheannacháin chomhchoiteanna gháis agus trí oibleagáidí íosta stórála gáis. Cad é an t-íosleibhéal stórála gáis don gheimhreadh atá le teacht (2022-2023)?

A. 70%

**B. 80%**

C. 90%

## C.2

Cén chaoi a n-oibreodh an 'dlúthpháirtíocht Eorpach maidir le stóráil gáis' go praiticiúil?

- **Cé nach bhfuil saoráidí stórála ag gach Ballstát ar a gcríocha féin, ba cheart cúlchiste íosta stórála gáis a bheith ann, ar cúlchiste é nach mór do na Ballstáit rochtain a bheith acu air i mBallstáit eile. Na Ballstáit nach bhfuil saoráidí stórála acu, beidh orthu a chinntiú go bhfuil stóráil dhaingnithe i mBallstát comharsanachta ag na hoibreoirí ar a gcríocha, ar stóráil í lena gcumhdaítear 15% dá dtomhaltas gáis bliantúil. De rogha air sin, na Ballstáit nach bhfuil acmhainneacht stórála acu, féadfaidh siad sásra comhroinnte ualaigh a chur ar bun.**

## C.3

Tá 73% d'acmhainneacht stórála gáis iomlán an Aontais comhchruinnithe i gcúig Bhallstát. Cé na tíortha sin?

**A. An Ghearmáin, an Iodáil, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Ostair**

B. An Pholainn, an Iodáil, an Ostair, an Chróit agus an Ungáir

C. An tSualainn, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghréig agus an Laitvia

30.03.2022

# Togra le haghaidh rialacha nua i réimse an gheilleagair chiorclaigh chun gnás a dhéanamh d'úsáid táirgí inbhuanaithe san Aontas

## C.1

Tá an tAontas ag bogadh i dtreo shamhail an gheilleagair chiorclaigh, bunaithe ar tháirgí atá níos inbhuanaithe agus níos tíosaí ar acmhainní. An síleann tú go rachaidh sé sin chun tairbhe duit mar thomhaltóir?

- **D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis, mar shampla: 1) saolré níos faide a bheith ag do tháirgí; 2) fuinneamh, acmhainní agus costais a shábháil; 3) tuilleadh eolais chun roghanna inbhuanaithe a dhéanamh**

## C.2

Mhol an Coimisiún rialacha an Aontais maidir le tomhaltóirí a thabhairt cothrom le dáta chun a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí roghanna eolasacha agus fabhracha don chomhshaol a dhéanamh agus a gcuid táirgí á gceannach acu. Cé acu seo a leanas a mbeidh sé d'oibleagáid ar thrádálaithe é a chur ar fáil do thomhaltóirí?

A. Eolas maidir le hinbhuanaitheacht táirgí agus éifeachtúlacht fuinnimh táirgí
**B. Eolas maidir le marthanacht agus indeisitheacht táirgí**
C. Eolas maidir le héicidhearthóireacht táirgí agus lorg aeráide táirgí

## C.3

Cé mhéad teicstíle a chaitear amach san Aontas Eorpach gach bliain?

A. Thart ar 3 kg in aghaidh an duine
B. Thart ar 6 kg in aghaidh an duine
C. **Thart ar 11 kg in aghaidh an duine**

09.04.2022

# Reáchtáladh an t-imeacht gealltanais ‘Seasaimis ar son na hÚcráine’

## C.1

I mí Aibreáin 2022, leis an imeacht agus feachtas gealltanais domhanda ‘Seasaimis ar son na hÚcráine’, tiomsaíodh breis agus €10 mbilliún do dhaoine atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise. Cén chathair inar raibh an t-imeacht ar siúl?

A. An Bhruiséil
**B. Vársá**
C. An Bhratasláiv

## C.2

Cén tír ar oibrigh an Coimisiún Eorpach i gcomhar léi chun an feachtas gealltanais domhanda ‘Seasaimis ar son na hÚcráine’ a eagrú?

A. Leis na Stáit Aontaithe
**B. Le Ceanada**
C. Leis an Astráil

## C.3

Cé mhéad airgid a thiomsaigh na deontóirí le linn an imeachta gealltanais ‘Seasaimis ar son na hÚcráine’?

A. Níos mó ná €1 bhilliún
B. Níos mó ná €5 bhilliún
**C. Níos mó ná €10 mbilliún**

*Tiomsaíodh €9.1 billiún a bhuí leis an imeacht agus feachtas gealltanais domhanda ‘Seasaimis ar son na hÚcráine’ do dhaoine atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, laistigh den Úcráin féin agus lasmuigh di, lena n-áirítear gealltanas €1 bhilliún ón gCoimisiún Eorpach. Anuas air sin, tá iasacht €1 bhilliún breise fógartha ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chun freastal ar riachtanais na ndaoine atá easáitithe mar thoradh ar an ionradh.

09.04.2022

# Rinneadh comóradh ar 30 bliain d'oibríochtaí cabhrach daonnúla agus cosanta sibhialta

## C.1

Tá ceithre phrionsabal ann a threoraíonn gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais. An féidir leat smaoineamh ar aon cheann acu?

- **An daonnacht, an neodracht, an neamhchlaontacht agus an neamhspleáchas**

## C.2

Is féidir le haon tír ar domhan, na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí, nó eagraíocht idirnáisiúnta ábhartha freisin, cuidiú a iarraidh ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. In 2021, cuireadh an Sásra i ngníomh 114 huaire. Mar shampla, chun freagairt do na nithe seo a leanas (i) COVID-19 san Eoraip agus ar fud an domhain; (ii) tuilte sa Bheilg; (iii) dóiteáin foraoise sa Réigiún Meánmhuirí, sna Balcáin Thiar agus san Ostair; (iv) aisdúichiú ón Afganastáin, agus (v) an crith talún agus hairicín i Háítí. Cad é an oibríocht ba mhó a bhí ann go dtí seo?

- **Spreag ionsaí na Rúise ar an Úcráin an oibríocht éigeandála is mó ó bunaíodh an Sásra.**

## C.3

Tháinig méadú mór ar riachtanais dhaonnúla le blianta beaga anuas, mar thoradh ar COVID-19 agus ar an aeráid. Cé mhéad duine a raibh cúnamh daonnúil de dhíth orthu in 2021 de réir mheastacháin na Náisiún Aontaithe?

A. 150 milliún
B. 430 milliún
**C. 235 mhilliún**

7.04.2022

# Togra le haghaidh beartas nua maidir leis an imirce dhleathach

## C.1

Faoi 2070, cén sciar de dhaonra iomlán an Aontais a bheidh in aois oibre?

A. Thart ar 45%
**B. Thart ar 55%**
C. Thart ar 65%

## C.2

Cé na hearnálacha ina bhfuil ganntanas i dtaca le margadh saothair an Aontais?

- **Sa turasóireacht, san fháilteachas, in TF agus sa tsláinte, i measc earnálacha eile**

## C.3

Cén fáth a bhfuil gá le himirce dhleathach san Aontas Eorpach?

- **Freagraí féideartha: 1) chun tacú le téarnamh gheilleagar an Aontais; 2) chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais i margadh saothair an Aontais; 3) chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha; 4) chun ullmhú do riachtanais a bheidh ann amach anseo; 5) chun daoine éirimiúla/oilte a mhealladh; 6) chun bealaí sábháilte a chruthú chun an Eoraip a bhaint amach; 7) chun cuidiú le haistriú an Aontais i dtreo geilleagar glas digiteach.**

03.05.2022

# Seoladh an Spás Eorpach Sonraí Sláinte

## C.1

Is é an Spás Eorpach Sonraí Sláinte an chéad spás sonraí coiteann de chuid an Aontais i réimse ar leith a tháinig chun cinn ó straitéis sonraí an Aontais. Cad iad na réimsí eile ina bhfuil spásanna sonraí beartaithe? An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Fógraíodh sa straitéis Eorpach maidir le sonraí ó mhí Feabhra 2020 go gcruthófaí spásanna sonraí i 10 réimse straitéiseacha: sláinte, talmhaíocht, monaraíocht, fuinneamh, soghluaisteacht, airgeadas, riarachán poiblí, scileanna, an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte agus an phríomhthosaíocht ilearnálach a bhaineann le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach.**

## C.2

An féidir leat smaoineamh ar rud amháin a mbaineann tusa tairbhe as mar thoradh ar an Spás Eorpach Sonraí Sláinte?

- **Beidh rochtain agat ar do chuid sonraí sláinte i bhfoirm leictreonach láithreach agus saor in aisce.**
- **Beidh tú in ann do shonraí a chomhroinnt le gairmithe sláinte ar bhonn náisiúnta nó trasteorann.**
- **Beidh tú in ann faisnéis a chur isteach, earráidí a cheartú, srian a chur le rochtain agus eolas a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear do chuid shonraí.**
- **Beidh an ceart agat go n-eiseofar agus go nglacfar le sonraí sláinte i bhformáid Eorpach choiteann.**

## C.3

Cén tionchar a bheidh ag an Spás Eorpach Sonraí Sláinte ar dhochtúirí agus ar ghairmithe sláinte eile? An féidir leat smaoineamh ar aon sampla?

- **Beidh rochtain níos tapúla acu ar thaifid sláinte na n-othar, taifid trasteorann san áireamh.**
- **De bharr rochtain níos éasca agus níos tapúla a bheith acu ar shonraí sláinte ábhartha, beidh gairmithe sláinte in ann leanúnachas an chúraim a fheabhsú.**
- **Beidh siad in ann rochtain a fháil ar thaifid sláinte ó chórais éagsúla ar bhealach níos éasca, rud a fhágfaidh go seachnófar an t-ualach riaracháin a bhaineann le taifid a chóipeáil de láimh ar fud na gcóras éagsúil.**

09.05.2022

# Cuireadh i láthair an tuarascáil deiridh de chuid na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa

## C.1

Cé mhéad togra a rinne saoránaigh na hEorpa, a bheag nó a mhór, le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa?

A. 29

**B. 49**

C. 69

*Ag an searmanas deiridh in Strasbourg, fuair Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán an Choimisiúin agus Uachtarán na Comhairle tuarascáil deiridh ó rannpháirtithe na Comhdhála ina bhfuil 49 dtogra fhadréimseacha, uaillmhianacha agus réamhbhreathnaitheacha, agus 326 bheart aonair.

## C.2

Cad iad na hábhair a phléigh na saoránaigh le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa? An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Bhí 9 bpríomhábhar ann: 1) geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist; 2) oideachas, cultúr, an óige agus spórt; 3) an claochlú digiteach; 4) an daonlathas Eorpach; 5) luachanna agus cearta, an smacht reachta, slándáil; 6) an t-athrú aeráide, an comhshaol; 7) sláinte; 8) an tAontas sa domhan mór; agus 9) imirce.**

## C.3

Shínigh triúr ceannairí de chuid an Aontais an Dearbhú Comhpháirteach i mí an Mhárta 2021, rud a réitigh an bealach chun tús a chur leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Cé a bhí ann?

- **Ba iad David Sassoli, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, nach maireann, António Costa, Príomh-Aire na Portaingéile, thar ceann Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin, a shínigh an Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.**

11.05.2022

# Togra le haghaidh reachtaíocht nua de chuid an Aontais chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac

## C.1

In 2010, bhí 23,000 tuairisc ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí san Aontas Eorpach. Cé mhéad a bhí ann in 2020, a bheag nó a mhór?

A. Os cionn 250,000

B. Os cionn 500,000

**C. Níos mó ná 1 mhilliún**

*Le blianta beaga anuas tá méadú ollmhór tagtha ar thuairiscí ar mhí-úsáid ghnéasach. In go leor cásanna, ní thagann an mhí-úsáid chun solais ach amháin nuair a bhraitear gníomhartha dhéantóirí na coire ar líne. Tá reachtaíocht nua de chuid an Aontais molta ag an gCoimisiún chun tacú le soláthraithe seirbhísí ar líne cásanna mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a aimsiú, a thuairisciú agus a chosc ar bhealach níos éifeachtúla.

## C.2

Tá reachtaíocht nua molta ag an Aontas chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac. Cé a mbeidh feidhm ag na rialacha nua maidir leo?

- **Beidh feidhm ag na rialacha atá beartaithe maidir le soláthraithe seirbhísí ar líne a thairgeann seirbhísí san Aontas, is iad sin seirbhísí óstála agus seirbhísí cumarsáide idirphearsanta (seirbhísí teachtaireachtaí, cuir i gcás), aipmhargaí agus soláthraithe rochtana idirlín.**

## C.3

Tá cearta leanaí cumhdaithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. An féidir leat ceart amháin a bhfuil leanaí ina theideal a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) an ceart chun na beatha; 2) an ceart chun ainm agus náisiúntachta; 3) an ceart chun céannachta; 4) neamh-idirdhealú; 5) an ceart chun teaghlaigh; 6) sláinte; 7) cosaint ar dhíobháil; 8) oideachas; 9) saoirse smaointeoireachta; 10) rochtain ar fhaisnéis.**

18.05.2022

# Cuireadh i láthair REPowerEU

## C.1

An féidir leat bealach amháin a lua chun tomhaltas fuinnimh a laghdú inár saol laethúil?

- **Tá go leor bealaí chun é sin a dhéanamh. Mar shampla: 1) teochtaí na gcóras teasa a laghdú/níos lú úsáide a bhaint as aerchóiriú; 2) tiomáint ar bhealach níos eacnamaíche; 3) aistriú i dtreo níos mó iompar poiblí agus soghluaisteacht ghníomhach; 4) fearais tí a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla.**

## C.2

Cad iad roinnt de na bearta gearrthéarmacha a mhol an tAontas ina phlean REPowerEU chun deireadh a chur leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise? An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) coigilt fuinnimh; 2) ceannacháin choiteanna gháis, GNL agus hidrigine; 3) comhpháirtíochtaí nua fuinnimh le soláthraithe iontaofa; 4) tionscadail fuinnimh gréine agus gaoithe a chur i bhfeidhm go tapa; 5) táirgeadh an bhithmheatáin a mhéadú; 6) an stóras gáis a líonadh go 80% dá thoilleadh faoin 1 Samhain 2022**

## C.3

Cé na tíortha lenar shínigh an Coimisiún meabhrán comhthuisceana tríthaobhach i mí an Mheithimh 2022 chun easpórtáil gáis nádúrtha chun na hEorpa a chinntiú?

**A. Leis an Éigipt agus Iosrael**
B. Leis an Iorua
C. Leis an Ailgéir

18.05.2022

# Anailís ar na bearnaí infheistíochta i réimse na cosanta agus tograí maidir le bearta breise chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú

## C.1

Cad iad na príomhbhearnaí infheistíochta i réimse na cosanta san Aontas Eorpach? An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Seo iad: caiteachas cosanta, bearnaí tionsclaíocha cosanta agus bearnaí sa chumas cosanta.**

## C.2

Tá ionstraim ghearrthéarmach thiomnaithe molta ag an gCoimisiún chun na Ballstáit atá toilteanach tabhairt faoin soláthar comhpháirteach a dhreasú chun na bearnaí is práinní agus is criticiúla a líonadh ar bhealach comhoibríoch. Cá mhéad airgid atá réidh ag an gCoimisiún lena infheistiú sa scéim seo?

A. €250 milliún
**B. €500 milliún**
C. €750 milliún

## C.3

In 2020, cé mhéad airgid a chaith Ballstáit an Aontais Eorpaigh i dteannta a chéile ar an gcosaint?

A. €50 billiún
B. €100 billiún
**C. €200 billiún**
*Chaith siad breis agus €200 billiún. Meastar gur fhás a gcaiteachas comhcheangailte go €220 billiún in 2021.

18.05.2022

# Seoladh comhpháirtíocht straitéiseach le Stáit na Murascaille

## C.1

Cén tír nach bhfuil ina ball de Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille?

A. Bairéin
**B. An Iordáin**
C. Cuáit

## C.2

Cathain a síníodh an comhaontú um chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Comhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille?

A. in 1988
**B. in 1989**
C. in 1990

## C.3

An féidir leat réimse amháin a ainmniú a chumhdaítear faoi chomhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh leis an Murascaill?

- **Cumhdaíonn an Chomhpháirtíocht réimsí éagsúla, mar shampla: trádáil agus infheistíocht, iompar, fuinneamh, digitiú, taighde agus nuálaíocht, an spás, an t-aistriú glas, an tslándáil réigiúnach, cabhair dhaonnúil, an smacht reachta agus cearta an duine.**

23.05.2022

# Glacadh plean teagmhasach um iompar, ina bhfuil bearta chun iompar an Aontais a chosaint le linn géarchéimeanna

## C.1

Cad atá i gceist le EASA?

A. An Plean Gníomhaíochta Eorpach le haghaidh Féinriail Straitéiseach
B. An Comhlachas Eorpach um Thalmhaíocht Inbhuanaithe
**C. Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh**
*Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh atá freagrach as sábháilteacht eitlíochta sibhialta. Is é is aidhm di na caighdeáin choiteanna is airde maidir le sábháilteacht agus caomhnú an chomhshaoil san eitlíocht shibhialta a bhaint amach agus a chinntiú go mbeidh an eitilt is sábháilte agus is féidir agat.

## C.2

Tá an Coimisiún ag obair chun athléimneacht iompar an Aontais a neartú le linn géarchéimeanna. Sa Phlean Teagmhasach don iompar a mhol sé, baintear leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus cuirtear san áireamh ann na dúshláin atá roimh earnáil iompair an Aontais ó thús ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá 10 bpríomhbheart ann. An féidir leat ceann amháin acu a ainmniú?

- **Freagraí féideartha: 1) dlíthe iompair an Aontais a chur in oiriúint do ghéarchéimeanna; 2) tacaíocht leordhóthanach a chinntiú d'earnáil an iompair; 3) saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a chinntiú; 4) sreafaí dídeanaithe a bhainistiú agus paisinéirí agus oibrithe iompair a bhfuil fuireach orthu a aisdúichiú; 5) nascacht íosta agus cosaint**

**paisinéirí a chinntiú; 6) eolas iompair a chomhroinnt; 7) comhordú an bheartais iompair a neartú; 8) an chibearshlándáil a neartú; 9) teagmhas iompair a thástáil; 10) comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta.**

## C.3

Cad iad lánaí glasa?

A. Lánaí agus droichid d'ainmhithe lenar féidir leo mórbhealaí a thrasnú go sábháilte laistigh den Aontas.

B. Lánaí chun vacsaíní COVID-19 a iompar chuig gach Ballstát.

**C. Trasnuithe teorann lena gcinntítear sreabhadh leanúnach earraí.**

23.05.2022

# Togra le haghaidh rialacha maidir le sárú ar bhearta sriantacha agus maidir le calcadh agus coigistiú a dhéanamh ar shócmhainní daoine a sháraíonn bearta sriantacha agus ar shócmhainní coirpeach eile

## C.1

I mí an Mhárta 2022, chuir an tAontas tascfhórsa ar bun chun forfheidhmiú smachtbhannaí i gcoinne olagarcaí Rúiseacha agus Bealarúiseacha a chomhordú. Cad é ainm an tascfhórsa sin?

A. Tascfhórsa 'Coigistiú agus diúscairt'
B. Tascfhórsa 'Rianú agus reo'
**C. Tascfhórsa 'Calcadh agus coigistiú'**

## C.2

Cé mhéad duine ar chuir an tAontas smachtbhannaí orthu go dtí seo (go dtí mí Iúil 2022) as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó as gníomhaíochtaí a bhagraíonn chun a dhéanamh?

A. 905
**B. 1,212**
C. 1,342

## C.3

Mar chuid de na smachtbhannaí eacnamaíocha, tá roinnt srianta ar iompórtáil agus ar easpórtáil curtha i bhfeidhm ag an Aontas ar an Rúis. Cad iad na hearraí nach féidir a easpórtáil chuig an Rúis ón Aontas Eorpach? An féidir leat smaoineamh ar aon cheann acu?

**Ar an liosta de tháirgí atá faoi smachtbhannaí, cumhdaítear, i measc nithe eile, na nithe seo a leanas:**

- **teicneolaíocht cheannródaíoch (e.g. ríomhairí candamacha agus leathsheoltóirí ardleibhéil, leictreonaic agus bogearraí ardleibhéil)**
- **cineálacha áirithe innealra agus trealaimh iompair**
- **earraí agus teicneolaíocht shonrach atá ag teastáil le haghaidh scagadh ola**
- **trealamh, teicneolaíocht agus seirbhísí an tionscail fuinnimh**
- **earraí agus teicneolaíocht de chuid thionscal na heitlíochta agus an spáis (e.g. aerárthaí, páirteanna spártha nó aon chineál trealaimh le haghaidh eitleán agus héileacaptar, scaird-bhreosla)**
- **earraí loingseoireachta muirí agus teicneolaíocht cumarsáide raidió**
- **roinnt earraí dé-úsáide (earraí a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha sibhialta agus míleata araon), amhail ladrainn agus bogearraí le haghaidh ladrann nó gléasanna criptiúcháin**
- **só-earraí (e.g. gluaisteáin sóchais, uaireadóirí, seodra)**

07.06.2022

# Comhaontú polaitiúil maidir le cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí

## C.1

An bac dofheicthe a chuireann cosc ar mhná ardú go poist shinsearacha, cén abairt a úsáidtear mar mheafar go minic chun sárú an bhaic sin a chur in iúl?

A. Aislingí briste
**B. An tsíleáil ghloine a bhriseadh**
C. Briseadh ón traidisiún

## C.2

As measc na mball ar bhoird chorparáideacha neamhfheidhmiúcháin, níl ach an tríú cuid díobh ina mná, agus is lú an líon sin fós i gcás boird feidhmiúcháin. Sa togra le haghaidh Treoir maidir leis an gcothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, leagtar síos sprioc do chuideachtaí de chuid an Aontais atá liostaithe ar stocmhalartáin an Aontais chun dlús a chur le leathadh na cothromaíochta inscne níos fearr. Cén sprioc é sin?

A. An gnéas tearcionadaithe a áireamh i measc 50% de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus 43% de na stiúrthóirí uile
B. An gnéas tearcionadaithe a áireamh i measc 45% de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus 38% de na stiúrthóirí uile
**C. An gnéas tearcionadaithe a áireamh i measc 40% de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus 33% de na stiúrthóirí uile**

## C.3

Cathain atá an Coimisiún Eorpach ag féachaint le paireacht inscne (50%) a bhaint amach ar gach leibhéal dá bhainistíocht féin?

A. Faoi dheireadh 2023
B. **Faoi dheireadh 2024**
C. Faoi dheireadh 2025

16.06.2022

# Neartaíodh an Cód Cleachtais maidir le bréagaisnéis agus rinneadh níos cuimsithí é

## C.1

Tá an Cód Cleachtais maidir le bréagaisnéis is infheidhme maidir le...?

A. **Ardáin ar líne, príomhchuideachtaí teicneolaíochta agus príomhghníomhaithe na hearnála fógraíochta a shínigh é**
B. Úsáideoirí
C. Gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí

## C.2

Cé acu díobh seo a leanas nár shínigh Cód Cleachtais neartaithe an Aontais maidir le bréagaisnéis?

A. Clubhouse
B. TikTok
**C. Weibo**

## C.3

Cén sainmhíniú a thugtar ar an mbréagaisnéis de ghnáth?

A. Scéalta bréagacha a bhfuil an chuma orthu gur nuacht iad agus a scaiptear ar an idirlíon nó trí mheáin eile agus a chruthaítear de ghnáth chun tionchar a imirt ar thuairimí polaitiúla nó mar ábhar grinn.
B. Ábhar bréagach nó míthreorach a chomhroinntear gan aon rún díobhálach a bheith ag gabháil leis, cé go bhféadfadh na héifeachtaí a bheith díobhálach fós féin.
C. **Ábhar bréagach nó míthreorach a scaiptear chun an dallamullóg a chur ar dhaoine nó chun gnóthachan eacnamaíoch nó polaitiúil a bhaint amach, agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don phobal.**

30.06.2022

# Comhaontú polaitiúil maidir le rialachán chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí saofa na bhfóirdheontas eachtrach ar an margadh aonair

## C.1

Cad is aidhm don Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha?

A. Comhlíonadh na bhfóirdheontas le rialacha EDT a chur chun cinn.
B. Rialáil a dhéanamh ar dheonú chistí an Aontais a bhfuil tionchar acu ar thríú tíortha.
C. **Dul i ngleic le fóirdheontais tríú tíortha atá ina gcúis le saobhadh sa mhargadh inmheánach.**

## C.2

Sa Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, cén fáth nach ndéantar measúnú ach ar fhóirdheontais eachtracha?

A. Toisc go bhfuil fóirdheontais eachtracha níos díobhálaí ná fóirdheontais a dheonaítear san Aontas.
B. **Toisc go bhfuil measúnú déanta cheana féin ar fhóirdheontais a dheonaítear san Aontas faoi rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.**
C. Toisc go ndéanann tríú tíortha measúnú freisin ar an tionchar atá ag fóirdheontais an Aontais ar a ngeilleagair.

## C.3

Má shainaithníonn an Coimisiún fóirdheontas eachtrach faoin Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, an ndéanfar an fóirdheontas a thoirmeasc go huathoibríoch?

A. Déanfar, beidh toirmeasc uathoibríoch ar an bhfóirdheontas.
B. Déanfar, beidh toirmeasc uathoibríoch ar an bhfóirdheontas má fhaightear amach go ndéanann sé saobhadh ar an margadh inmheánach.
C. **Ní dhéanfar, ní chuimsíonn an Rialachán toirmeasc uathoibríoch ar fhóirdheontais ach ní mór a n-éifeachtaí diúltacha agus dearfacha a mheasúnú de réir an cháis.**

101

19.07.2022

# Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh

## C.1

Cad iad na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas faoi láthair (mí Iúil 2022)?

a. Iosrael, an Airméin, Maracó, an Astráil
**b. An Albáin, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv, Montainéagró, an tSeirbia, an Tuirc agus an Úcráin**
c. An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, an tSeoirsia

## C.2

Cén tír dheireanach a tháinig isteach san Aontas Eorpach agus cathain a tharla sin?

- **An Chróit, an 1 Iúil 2013**

## C.3

Cé mhéad caibidil ina gcomhroinntear caibidlíocht aontachais an Aontais ar an iomlán?

A. 25
**B. 35**
C. 45